

TREOIRLEABHAR CLILSTORE DO CHLEACHTÓIRÍ

Arna scríobh ag
foireann an tionscadail
CLIL Open Online Learning

KA2-2018-1-ES01-KA203-050474

Le cabhair ón
Choimisiún Eorpach





Arna mhaoiniú faoin gClár
Erasmus+ de chuid
an Aontais Eorpaigh



UNIVERSITAT
POLITÈCNICA
DE VALÈNCIA

Cuimsíonn Treoirleabhar Clilstore do Chleachtóirí buntreoir le haghaidh **CLILSTORE.eu** i gcomhthéacsanna ina bhfuil Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga á cur i bhfeidhm agus cuireann sé treoir theicniúil ar fáil do chleachtóirí FCÁT ag gach leibhéal oideachais. Mhainigh clár Erasmus + An Choimisiún Eorpaigh trí Ghníomhaireacht Náisiúnta na Spáinne é mar thoradh de chuid an tionscadail **CLIL Open Online Learning (COOL)** (Meán Fómhair 2018 - 2021). Rinne Universitat Politècnica de València, an Spáinn an tionscadal a chomhordú (uimhir thagartha KA2-2018-1-ES01-KA203-050474). Léiríonn an tionscadal seo tuairimí na n-údar amháin, ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon úsáid a bhainfear as an eolas ann.

Táimid faoi chomaoin mhór ag na comhghleacaithe go léir a bhí rannpháirteach sa tionscadal agus a chuir le rath an tionscadail COOL agus a phríomhthoraidh clilstore.eu - uirlis cheapadóireachta FCÁT, stór ábhar agus comhéadan foclóra ilteangach.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le **Caoimhín Ó Donnaíle** ó Shabhal Mòr Ostaig (An tOileán Scítheanach, Albain) a bhí mar ríomhchláraitheoir sa tionscadal seo agus sa cheann a tháinig roimhe *Tools for CLIL Teachers*. Lig an dá thionscadal seo dúinn CLILSTORE.eu a chur ar fáil ar bhonn cóipchlé chun gur féidir le duine ar bith ar domhan an uirlis a fhorbairt tuilleadh más mian leo.

Tá an treoirleabhar seo ar fáil sna teangacha a leanas: Béarla, Danmhairgis, Gaeilge, Iodáilis agus Spáinnis.

An 1ú eagrán digiteach: 2021

Údair agus rannpháirtithe in ord aibítire

ISBN: 978-1-3999-1361-4

Kent Andersen (FAZ, an Danmhairg); Sandra Attard-Montalto (ETI, Málta); Albalisa Azzariti (LSSEV, an Iodáil); Caoimhín Ó Dónaill (Ollscoil Uladh, Tuaisceart na hÉireann); Caoimhín Ó Donnaíle (SMO, Albain); Ana Gimeno (UPV, An Spáinn); Malene Hansen (KGS, An Danmhairg); Giuseppe Licata, Alessandro Pizzoccheri & Alessandra Tagliabue (LSSEV, An Iodáil); Rikke Vestergaard (KGS, An Danmhairg).

Caoimhín Ó Dónaill a réitigh an leagan Gaeilge seo.

Leagan amach agus dearadh grafach an ríomhleabhair: Tomás Gorria.

CAIBIDIL 1:
INTREOIR DO FCÁT

1.1. Cad é FCÁT?	7
1.2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le FCÁT?	9
1.3. Roinnt buarthaí coitianta a bhíonn ar mhúinteoirí.....	9
1.4. Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort.....	9

CAIBIDIL 2:
CLILSTORE, MULTIDICT & WORDLINK

2.1. Clilstore	20
2.2. Multidict	21
2.3. Na buntáistí a bhaineann le Multidict a thuiscint	24
Nóta faoi fhoclóirí.....	25
2.4. Wordlink	26
2.5. Comhéadan an fhoghlaimora in Clilstore	29
2.5.1. Conas comhéadan an fhoghlaimora a úsáid	29
2.5.2. An tAonad Clilstore	32
2.6. Clilstore agus sealbhú teanga	33
2.7. Conas aonad Clilstore a chruthú.....	35
2.7.1. Clárú	35
2.7.2. Deais an úsáideora.....	35
2.7.3. Aonad teagaisc a chruthú.....	37
2.7.4. Aonad a leasú.....	45
2.7.5. Uirlisí eagarthóireachta úsáideacha in Clilstore	45
2.7.6. An cód foinseach in Clilstore	57
2.8. Stór focal a thaifeadh.....	60
2.8.1. An Tógálaí Stór Focal	60
2.8.2. An stór focal a easpórtáil	63
2.8.3. Liosta de na focail ar cliceáladh orthu - le haghaidh múinteoirí agus údar na n-aonad	65
2.9. Punanna	67
2.9.1. An phunann a úsáid	67
2.9.2. Rochtain an mhúinteora ar phunanna.....	68

CAIBIDIL 3:
MEASÚNÚ.....75

3.1. Cúlra	75
3.2. FCÁT agus cúrsaí measúnachta.....	75
3.2.1. Greillí samplacha le haghaidh measúnachta	75

CAIBIDIL 4:
FÍSEÁIN CHABHRACHA

4.1. Físeán cabhrach a thugann forléargas ar Clilstore	80
4.2. An tsaoráid chabhrach	80
4.4. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an fhoghlaimora	83
4.5. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an mhúinteora	84

CAIBIDIL 5:
AONAD EISEAMLÁIREACHA CLILSTORE

5.1. Stór ábhar Clilstore	85
5.1.1. An cnaipe 'is maith liom'	86
5.1.2. An stór ábhar a choinneáil saor ó bhruscar	86
5.2. Aonaid eiseamláireacha a thaispeánann na 5 C i dteangacha éagsúla	87
5.2.1. Aonaid eiseamláireacha i nGaeilge	87

CAIBIDIL 6:
FABHTCHEARTÚ

6.2. M'aonaid	89
6.3. Eagarthóireacht	90
6.4. Aonaid a shábháil agus scríosadh:.....	90
6.5. Íomhánna a chur isteach	91
6.6. Meáin eile a chur isteach (físeáin agus cleachtaí idirghníomhacha)	92
6.7. Comhaid a uaslódáil.....	94
6.8. Nascadh.....	94
6.9. Stór focal a thaifeadh	95
6.10. Punanna.....	96

ACMHAINNÍ

Sruthú físeáin.....	100
Uirlisí cainte agus éisteachta	101
Gníomhaíochtaí a Chruthú	101
Uirlisí eagraíochta.....	102

TAGAIRTÍ AGUS LÉITHEOIREACHT BHREISE

.....	106
-------	-----

Conas an treoirleabhar seo a úsáid

Molaimid Adobe Acrobat Reader a úsáid le taibléid agus ríomhairí. Is féidir leagan saor in aisce de Adobe Acrobat Reader a íoslódáil ag an nasc seo (<https://www.adobe.com/acrobat/pdf-reader.html>). Rinne muid iarracht sa treoirleabhar na fíoracha go léir a chur ar fáil ar na leathanaigh chéanna leis an téacs a dhéanann tagairt dóibh. Chomh maith leis sin, tá na fíoracha go léir ceangailte leis an cháipéis. Chun iad a oscailt, ní mór ceann de na trí rogha thíos a úsáid:


A. Cuir an roghchlár ar thaobh na láimhe clé ar siúl agus cliceáil ar 'Attachments' chun na fíoracha atá ceangailte a fheiceáil (1)

B. Ón roghchlár céanna, is féidir cliceáil ar 'Bookmarks' chun teacht ar 'Table of Contents' (2) nó 'Page Thumbnails' (3)



C. Cliceáil faoi dhó ar íomhá ar bith in 'view file attachment' agus osclóidh sí leis an bhogearra atá réamhshocráithe ar do ghléas (m.sh., 'Preview' ar ghléasanna Apple nó 'Photo Viewer' ar ghléasanna Windows).

Ar deireadh, nascann gach leathnach leis an chlár ábhair sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag an bhun. Tá na leathanaigh idirlín go léir atá luaite sa téacs nasctha agus áibhsithe i ndath gorm.

B



C



- Figura 5. Interfaz de navegación de Wordlink.
- facilitare la lettura. Segui questi passaggi per utilizzare Wordlink come strumento autonomo:
1. Per prima cosa incolla l'URL della pagina web che desideri collegare nel campo URL (1)
 2. Seleziona la lingua della pagina dal menu a tendina (2)
 3. Nel campo 3, lascia "Elabora la pagina"
 4. Nel campo 4, lascia "Schermo diviso"
 5. Il campo 5 ti offre un'opzione per rimuovere tutti i collegamenti a siti esterni nella pagina web che stai collegando. Se questa funzione non è attivata, Wordlink non sarà in grado di collegare la parola con collegamento ipertestuale a Multidict.
 6. Fai clic su "Elabora" (6)
 7. Ora fai clic su qualsiasi parola ne testo per cercarla su Multidict.

INTREOIR

Cúlra

Is Acmhainn Oscailte Oideachais (AOO) **Cilistore** a d'fhorbair an tionscadal *CLIL Open Online Learning* (COOL). Tógann sé ar dhá thionscadal a tháinig roimhe, *Tools for CLIL Teachers* and *CLIL4U* (féach <http://www.languages.dk> le haghaidh tuilleadh eolais).

Tá an tionscadal COOL tar éis comhéadain an mhúinteora agus an fhoghlaimeora san AOO a fheabhsú go mór agus feidhmíocht nua foghlama agus ceapadóireachta a chur leis. D'fhorbair an tionscadal sraith aonad eiseamláireach sna teangacha a leanas: Béarla, Spáinnis, Danmhairgis, Gaeilge, Iodáilis agus Gaeilge na hAlban. D'ullmhaigh an tionscadal ábhair traenála chuimsitheacha i bhfoirm téacs agus físe chun cuidiú le múinteoirí agus foghlaimeoirí tairbhe a bhaint as an fheidhmíocht ar fad atá ar fáil ag **Cilistore.eu**. Tugann an treoirleabhar seo intreoir achomair don AOO ar mhaithe le múinteoirí atá ag obair cheana féin i gcomhthéacsanna ina bhfuil Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga á cur i bhfeidhm, agus dóibh siúd atá ag iarraidh níos mó leasa a bhaint as acmhainní ilmheáin agus digiteacha ina gcleachtas gairmiúil.

Cuibhreannas an tionscadail COOL

- Universitat Politècnica de València (An Spáinn), comhordaitheoir
- FAZ (An Danmhairg)
- Sabhal Mòr Ostaig (An tOileán Scítheanach, Albain)
- Ollscoil Uladh (Tuaisceart na hÉireann)
- Executive Training Institute (Málta)
- Liceo Scientifico Statale Elio Vittorini (An Iodáil)
- Kroggaardskolen (An Danmhairg)

CAIBIDIL 1: INTREOIR DO FCÁT

1.1. Cad é FCÁT?


*“Cur chuige oideachasúil is ea FCÁT a bhfuil dhá fhócas aige, úsáidtear teanga bhreise chun ábhar agus teanga **araon** a theagasc agus a fhoghlaim”* (EuroCLIC, 1994).

Chun é a rá ar bhealach simplí, tugann FCÁT foghlaim teanga agus foghlaim ábhair le chéile in aon chur chuige amháin. Le cur chuige FCÁT, téann foghlaimeoirí i ngleic le ceann amháin ar a laghad de na hábhair s’acu trí mheán teanga eile atá siad ag iarraidh a fhoghlaim. Ní ghlactar leis go mbeidh ardchumas ag na foghlaimeoirí sa sprioctheanga sula dtosaíonn siad ag foghlaim.

Foghlaimíonn siad an teanga a theastaíonn uathu fad agus a bhíonn siad ag foghlaim faoi ábhar ar leith.

Le cur chuige FCÁT, baineann an tábhacht chéanna leis an ábhar agus an teanga, agus tagann forbairt orthu diaidh ar ndiaidh. San fhadtearma, sealbhaíonn na foghlaimeoirí eolas faoin ábhar agus an sprioctheanga ag an am céanna, go minic ag caighdeán níos airde ná daoine a dhéanann staidéar ar ábhar agus ar theanga i ranganna difriúla nó trí churaclam scartha.

Ar an tslí seo, ullmhaíonn an múinteoir na foghlaimeoirí don saol mar atá sé, áit a mbíonn ar dhaoine a bheith ag obair i bhfoirne agus teangacha éagsúla a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daoine i dtíortha eile. Bíonn orthu fadhbanna a réiteach, a gcuid oibre a phleanáil agus rudaí a oibriú amach dóibh féin ag úsáid réimse áiseanna.



miro

Fíor 1. Buntáistí FCÁT

1.2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le FCÁT?

Dar le Plean Gnímh an Choimisiúin Eorpaigh um Fhoghlaim Teanga agus Éagsúlacht Teanga (2003), tá réimse leathan buntáistí ag baint le cur chuige FCÁT, faoi mar a léiríonn **Fíor 1** thuas. Sna ranna a leanas, feicfidimid cad é mar is féidir le Clilstore cur leis na buntáistí sin.

1.3. Roinnt buarthaí coitianta a bhíonn ar mhúinteoirí

Tá an taithí atá ag cuid de chomhpháirtithe an tionscadail COOL ar chúrsaí oiliúna a reáchtáil ar bhonn rialta, tar éis deis a chur ar fáil dúinn machnamh a dhéanamh ar roinnt de na buarthaí is mó a bhíonn ar mhúinteoirí atá ag smaoineamh faoi chur chuige

FCÁT a chur i bhfeidhm ina gcuid teagaisc.

1.4. Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort...

Tá foireann an tionscadail tar éis cúrsa traenála saor in aisce a fhorbairt chun cuidiú le múinteoirí níos mó a fhoghlaim faoi príomhchoincheapa FCÁT agus an dóigh ar féidir leo [clilstore.eu](https://www.upvx.es/courses/course-v1:Filologiainglesa+clilstore-ie+2021-01/about) a shníomh isteach ina gcleachtas gairmiúil. Is féidir teacht ar an chúrsa ag an nasc thíos. Glacann sé tuairim is ceithre seachtaine an cúrsa a chríochnú agus oibreoidh tú trí ábhar an chúrsa ar do luas féin. Bronnfar teastas ó Universitat Politècnica de València ar mhúinteoirí a chríochnaíonn an cúrsa agus a n-éiríonn leo sa mhodúl measúnaithe.

<https://www.upvx.es/courses/course-v1:Filologiainglesa+clilstore-ie+2021-01/about>

1 Is múinteoir ábhair
mé. Cén fáth ar
chóir dom fócasú ar
theanga a theagasc i mo
ranganna ábhair?

Tá sé deacair teanga a fhoghlaim as comhthéacs. Go traidisiúnta, úsáideann múinteoirí teanga leabhair chúrsa atá bunaithe ar ábhar, agus a d'fhéadfadh a bheith neamhábhartha do shaol an fhoghlaimora. I gcodarsnacht leis sin, is féidir foghlaim teanga i gcomhthéacs ábhar scoile a spreagadh, toisc go bhfuil cuspóir soiléir aici atá ábhartha don mhac léinn. Tá sé cosúil le ceacht ESP (Béarla chun críocha speisialta) do bhall d'fhoireann eitlete nó do bhainisteoir díolacháin.

Sa chás go bhfuil eolas bunúsach ag foghlaimoirí ar ábhar cheana féin, d'fhéadfadh siad an taithí seo a roinnt eatarthu féin agus leis an mhúinteoir trí mheán na teanga breise. Cuireann seo le foghlaim an ábhair agus foghlaim na teanga breise araon.

2 Is múinteoir teanga mé. Conas is féidir liom cabhrú le múinteoirí ábhair nuair nach bhfuil aon eolas agam faoi na hábhair s'acu?

Ní mhúineann múinteoirí teanga ábhar, agus níltear ag súil leis go múinfidh, ach úsáideann siad an t-ábhar mar mheán chun teanga a thabhairt isteach.

I gcomhthéacsanna eile, oibríonn an múinteoir teanga go dlúth leis an mhúinteoir ábhair chun treoir a thabhairt ar an teanga a theastaíonn uathu ina gceachtanna. Sa chás seo, glacann an múinteoir teanga ról mar shainchomhairleoir do mhúinteoirí ábhair.

3 Is ea, ach níl
mórán ar eolas
agam faoin ábhar!

Trí mhodheolaíocht FCÁT a úsáid, tá tú ag cuidiú le d'fhoghlaimoirí ní amháin trí ábhar a theagasc dóibh, ach fosta trí iad a ullmhú le haghaidh aon obair a dhéanfaidh siad amach anseo ina mbeadh orthu an t-ábhar sin a bheith ar eolas acu i dteanga bhreise. Is bealach iomlánaíoch teagaisc é fosta, a chuimsíonn ní amháin ábhar agus teanga, ach fosta scileanna smaointeoireachta agus inniúlachtaí a bhaineann leis an phobal. Déanta na fírinne, tá tú ag múineadh scileanna do na foghlaimoirí a bheidh de dhíth san ionad oibre amach anseo, agus ní hábhar amháin.

4 Cad é an difear
idir FCÁT agus na
gnáthmhodhanna le
teanga a theagasc?

Tá difear idir an teanga a shealbhaíonn foghlaimeoirí i gceacht FCÁT agus an cineál teanga a fhoghlaimítear sa cheacht traidisiúnta teanga, is teanga í atá ábhartha do thodhchaí s'acu.

Is uirlis í chun cumarsáid a dhéanamh laistigh de chreat an ábhair.

Ó tharla gurb í an phríomhaidhm cumarsáid a dhéanamh agus ní hamháin gramadach agus comhréir teanga a fhoghlaim, tuigeann na foghlaimeoirí gur féidir leo an teanga a úsáid gan eolas domhain a bheith acu uirthi ar dtús. Cuidíonn FCÁT le foghlaimeoirí an sprioctheanga a úsáid fad agus atá siad ag cur eolais ar ábhar.

5 Cad é mar
is féidir
liom chuidiú le
m'fhoghlaimoirí
glacadh le FCÁT?

D'fhéadfadh drogall a bheith ar roinnt foghlaimoirí teanga bhreise a úsáid chun ábhar a fhoghlaim. B'fhéidir go mbraitheann siad go ndéanfaidh sé a n-ualach oibre i bhfad níos troime ná mar atá sé i ndáiríre.

Tá sé tábhachtach an réasúnaíocht le foghlaim trí FCÁT a phlé le foghlaimoirí, agus béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann léi, mar shampla go gcuirfidh sé lena gcumas a bheith ag obair i gcomhtéacsanna eile teanga sa todhchaí. Fiú mura mbogann foghlaimoirí thar lear chun obair a lorg, bainfidh siad leas as eolas a bheith acu ar theanga bhreise, go háirithe teanga a bhaineann go sainsiúil lena gcuid oibre. Is é is dóichí go bhfostóidh fostóirí daoine a bhfuil buntáiste na teanga breise acu.

Foghlaimítear teanga go horgánach trí FCÁT. Le himeacht aimsire, saibhríonn na foghlaimoirí a stór focal agus téann siad i dtaithí ar an teanga spriocdhírthe. Éiríonn na foghlaimoirí níos muiníní agus bíonn siad in ann iad féin a chur in iúl go líofa, cé gur dócha go ndéanfaidh siad botúin (sa ghramadach, sa chomhréir, sa litriú nó san fhuaimniú) go fóill. Má tá na foghlaimoirí ag úsáid na teanga breise chun cumarsáid a dhéanamh, is léiriú é sin go bhfuil ag éirí le FCÁT.

Nuair is féidir, ba chóir foghlaimoirí a spreagadh chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimoirí ó thíortha eile, chun smaointe a mhalartú faoin ábhar atá á fhoghlaim acu. Tá sé réasúnta simplí tionscadal r-Nasctha a bhunú le rang eile trí www.etwinning.net.

6 Cad é mar is féidir liom an teanga nua a theagasc mura bhfuil mo chumas féin inti ró-ard?

Is dócha gurb í seo an eagla is mó a bhíonn ar aon mhúinteoir ábhair agus cuireann sé drogall orthu cur chuige FCÁT a thriail.

B'fhiú go mór do chuid buarthaí a phlé le bainistíocht na scoile / na hinstitiúide, agus cabhair ó mhúinteoir teanga a iarraidh mar shaineolaí teanga. Cuimhnigh gur tusa an saineolaí ábhair. Ní chiallaíonn úsáid FCÁT go ngabhann tú ort féin teanga iomlán a mhúineadh. Is é an tasc atá agat ábhar a mhúineadh agus teanga nua a theastaíonn do do cheachtanna a thabhairt isteach de réir a chéile. Éascaíonn tú foghlaim na teanga nua seo trí dheiseanna foghlama a sholáthar do na foghlaimeoirí agus iad a spreagadh chun an teanga bhreise a úsáid.

7 Cad é mar a chlúdáidh mé an siollabas má bhíonn orm ábhar a theagasc chomh maith le teanga?

Ní cúrsa iomlán teanga é an teanga a mhúineann tú in FCÁT. Díríonn tú ar an teanga a bhaineann leis an cheacht atá á múineadh agat. Níl aon siollabas teanga ann a chaithfidh tú a chlúdach. Tugtar isteach teanga i ngiotaí atá gairid agus fíor-ábhartha de réir mar is gá, rud a ligeann d'fhoghlaimoirí fócas a choinneáil ar shiollabas an ábhair.

8 Tá ualach mór oibre orm cheana féin. An gcaithfidh mé na hábhair agus na hacmhainní go léir a bheidh de dhíth a chruthú mé féin?

Déanann múinteoirí FCÁT na hacmhainní atá ann cheana a oiriúnú chun iad a dhéanamh inrochtana dá bhfoghlaimoirí. Mar shampla, úsáidtear Eagraithe Grafacha agus íomhánna soiléire eile chun faisnéis a phróiseáil agus a thaifeadadh ar mhaithe le próiseáil na teanga breise a dhéanamh níos éasca d'fhoghlaimoirí.

Forbraíodh an tionscadal COOL mar fhreagairt ar an cheist seo. Cuireann sé bealach ar fáil do mhúinteoirí teacht ar ábhair FCÁT trí ardán oscailte, agus cuireann sé bogearraí i láthair chun cabhrú le múinteoirí ábhair ilmheán agus gníomhaíochtaí foghlama nua a chruthú a fhreastalaíonn go díreach ar a gcuid riachtanas. Foghlaimoidh tú níos mó faoi seo sna caibidlí a leanas.

9 Mar mhúinteoir ábhair, an mbeidh orm teanga na bhfoghlaimoirí a mheas?

Cuid dhílis den fhoghlaim is ea an measúnú, ach is tusa a chinneann ar na critéir chun an teanga a mheas. Tá sé úsáideach díriú ar réimsí teanga atá clúdaithe agat sa rang. Réitigh greille le haghaidh measúnaithe, ionas go mbeidh na foghlaimoirí ar an eolas faoi na rudaí a bheidh á seiceáil agat, a bheidh difriúil ón méid a mheasann múinteoirí teanga ina gcuid ranganna. Tugtar samplaí praiticiúla de ghreillí measúnaithe sa roinn ar Mheasúnú.

10 Cad chuige
nach féidir liom
téacsleabhar ábhair sa
teanga bhreise a úsáid?

Tá éagsúlacht mhór teanga in aon leabhar ábhair atá dírithe ar chainteoirí dúchais de chuid na sprioctheanga le go leor struchtúr gramadaí éagsúil agus raon leathan stór focal. Ba mhór an t-ualach é ag na foghlaimoirí déileáil le teanga ag an leibhéal seo fad agus atá siad ag iarraidh ábhar nua a fhoghlaim. Níor chóir go mbeadh sa teanga bhreise a thabharfaidh tú isteach ach struchtúir ghramadaí agus stór focal riachtanach ar leibhéal reatha na bhfoghlaimoirí sa sprioctheanga.

CAIBIDIL 2: CLILSTORE, MULTIDICT & WORDLINK

Faoi mar a léiríonn **Fíor 2**, tá trí huirlis fhoghlama ar leith ar fáil ag clilstore.eu **Cilistore**, **Multidict** & **Wordlink**.

Sna fo-ailt seo a leanas, amharcfaimid níos mine ar gach ceann de chomhpháirteanna gaolmhara **Cilistore**.

2.1. Cilistore

Suíomh ilghnéitheach é **Cilistore** a (i) a fhreastalaíonn ar mhúinteoirí ar mian leo aonaid fhoghlama ilmheán a chruthú nó a aimsiú le húsáid lena gcuid foghlaimeoirí agus (ii) a thairgeann stór d'aonaid fhoghlama teanga i dteangacha éagsúla ar féidir le mic foghlaimeoirí rochtain dhíreach a fháil orthu agus a úsáid don

fhoghlaim fhéinriartha. Tá stór na n-aonad réamhdhéanta ar fáil go hoscailte, mar sin, ní gá do mhúinteoirí nó d'fhoghlaimeoirí ar mian leo aonaid atá ann cheana a úsáid clárú leis an tseirbhís sula bhféachann siad ar na hábhair nó sula n-úsáideann siad iad. Ní mór d'aon duine ar mian leis aonaid a chruthú clárú ar dtús agus a sheoladh ríomhphoist a fhíorú. Tá an bhéim in aonaid **Cilistore** ar ábhair ilmheáin, i.e., meascán

d'fhíseáin, fuaim, íomhánna, téacs, hipearnaisc agus teicneolaíochtaí tánaisteacha tacaíochta a úsáid chun cleachtaí idirghníomhacha teanga a chruthú agus a neadú sna haonaid srl. Le go mbeidh aonaid fhoghlama teanga **Cilistore** an-éifeachtach, ba cheart go mbeadh méid suntasach téacs iontu, áfach. Is é an chúis atá leis seo ná go mbíonn gach focal nasctha go huathoibríoch lenár gcomhéadan foclóra saincheaptha



Fíor 2. An leathanach iontrála do Cilistore, Wordlink agus Multidict ag clilstore.eu

Multidict, a chuireann foclóirí ar líne i mbreis agus 100 teanga ar fáil don fhoghlaim, rud a chuireann ar a gcumas téacsanna a léamh ar a luas féin agus de réir a riachtanas foghlama féin. Tá sé seo ar cheann de na príomhghnéithe de chuid **Clilstore** a fhágann gur seirbhís uathúil foghlama teanga í. Ní gá bogearraí a shuiteáil nó a shocrú ar ríomhaire chun teacht ar na haonaid foghlama nó chun iad a chruthú. Ar an dul céanna, ní mór d'fhoghlaimoirí ar mian leo úsáid iomlán a bhaint as feidhmiúlacht **Clilstore**, m.sh., an tógálaí stór focal agus feidhmeanna na punainne, cuntas a chruthú fosta. Feabhsaíonn an dá fheidhm seo eispéireas an úsáideora go mór.

Dearadh an comhéadan ceapadóireachta le bheith so-úsáidte agus iomasach. Tá cur síos céim ar chéim ar conas aonaid **Clilstore** a úsáid agus aonaid a chruthú le fáil thíos i gcuid 2.3.

2.2. Multidict

Feidhmíonn **Multidict** go neamhspleách mar chomhéadan foclóra ar líne. Is féidir é a úsáid mar uirlis neamhspleách chun focail san iliomad teangacha a chuardach i réimse leathan foclóirí. Tá sé ar cheann den dá uirlis atá mar bhonn agus mar thaca ag feidhmiúlacht **Clilstore**.



Nuair a chliceálann úsáideoirí **Clilstore** ar fhocail i dtéacsanna leabaithe, osclaítear comhéadan Multidict laistigh den aonad **Clilstore** i scáileán roinnte. Fágann an leagan amach taobh le taobh seo go bhfuil sé thar a bheith éasca d'fhoghlaimoirí foclóir a cheadú agus dá réir sin chuidíonn sé le foghlaimoirí téacsanna a léamh níos gasta. Ní gá don fhoghlaimoir imeacht idir leathanach amháin agus leathanach eile ar líne nó gach ceann a oscailt i gcluaisín difriúil.

Tá roinnt foclóirí ar líne ar fáil d'fhormhór na dteangacha iomadúla a ndéanann Multidict freastal orthu. Dá bhrí sin, má chliceálann foghlaimoir ar fhocal sa téacs agus mura bhfaigheann siad sainmhíniú atá oiriúnach don chomhthéacs, is féidir leo foclóir eile a roghnú ón roghchlár anuas. Fágann sé sin go bhfuil sé éasca don fhoghlaimoir téacs a thuiscint toisc nach gá dóibh an téarma cuardaigh a iontráil arís.



Féadann Multidict comhairliúchán dátheangach a éascú idir péirí teangacha nach bhfuil foclóir clóite ann dóibh. Is féidir é a úsáid freisin chun focail i bhfoclóirí aonteangacha a chuardach.

Chun Multidict a úsáid, téigh chuig Clilstore.eu agus roghnaigh Multidict chun triail a bhaint as comhéadan an fhoclóra. Lean na céimeanna simplí seo:

1. Clóscríobh an focal ba mhaith leat a chuardach (1 - an Réimse Iontrála Focal)
2. Roghnaigh an teanga ina bhfuil an focal (2 - an Teanga Fhoinseach)
3. Roghnaigh an sprioctheanga don aistriúchán (3 - an Sprioctheanga)
4. Roghnaigh an foclóir ba mhaith leat a úsáid (4 - an roghchlár anuas le liosta de na foclóirí atá ar fáil don teanga sin)

The screenshot shows the Multidict website interface. At the top, there is a search bar with the word 'inquire' entered (1). Below it, there are dropdown menus for the source language 'English (en)' (2) and the target language 'Gaeilge (ga)' (3). A dropdown menu for the dictionary is set to 'English-Irish Dictionary (de Bhaldraithe)' (4). The main content area shows the search results for 'inquire', including a list of related words (enquire, inquiry, enquiry, injure, insure) and a list of dictionaries to choose from (5). The word 'inquire' is highlighted in the search results, and a list of related words is shown on the right.

Fíor 3. Comhéadan Multidict.

5. Cliceáil ar Cuardaigh, agus ansin, má iarrtar ort, cliceáil ar Cuir isteach
6. Osclófar an foclóir a roghnaigh tú i scáileáin scoilte leis an aistriúchán (5)

Tá a láidreachtaí agus a laigí féin ag gach foclóir. Tá sé tábhachtach an foclóir is fearr a oireann don aistriúchán áirithe a theastaíonn a roghnú. Mura

bhfuil an focal atá á chuardach ag foclóir, is féidir foclóir difriúil a roghnú láithreach ón roghchlár anuas.

2.3. Na buntáistí a bhaineann le Multidict a thuiscint

Chun na buntáistí a bhaineann leis an uirlis ghaolmhar Multidict a thuiscint, is fiú smaoineamh ar na gnáthchéimeanna a ghlacann foghlaimeoirí agus iad ag léamh alt ar líne agus ag ceadú foclóra. Bheadh siad ag léamh ar leathanach gréasáin amháin nuair a thuigeann siad nach bhfuil brí focail ar eolas acu. Mar sin, bheadh orthu cluaisín (leathanach) nua a oscailt, ansin foclóir a chuardach, an focal a theastaíonn uathu a chuardach san fhoclóir ar líne sin, agus ansin b'fhéidir go bhfeicfidh siad nach bhfuil an focal atá á lorg acu ar fáil san fhoclóir, nó nach dtuigeann siad an bhrí ar fad ón fhoclóir áirithe sin.

Táimid ar ais ag bun an dréimire arís! Caithfidh siad




Fíor 4. Leanáí scoile ag úsáid Multidict in aonad Clilstore.

tosú arís ón tús. Caitheann siad am ag cuardach an ghréasáin d'fhoclóir eile ar líne agus ansin beidh orthu an focal a chlóschríobh arís. Tógann sé seo go leor ama. Ar deireadh, nuair a aimsíonn siad an t-aistriúchán a theastaíonn uathu, is dócha go mbeidh dearmad déanta acu ar an chomhthéacs inar úsáideadh an focal. Is dócha, mar sin, go

mbeidh orthu tosú ag athléamh an téacs ón tús chun dul i dtraithí air arís.

Nóta faoi fhoclóirí


Tá rogha leathan foclóirí ar fáil in Multidict. Tá cuid acu úsáideach chun focail ghinearálta a chuardach agus tá cinn eile níos oiriúnaí do réimsí speisialaithe. Mar shampla, is uirlis an-úsáideach í bunachar sonraí IATE má tá tú ag obair le téarmaíocht a bhaineann go sonrach le formhór na n-ábhar gairme. Na laethanta seo, cuireann go leor foclóirí ar líne comhad fuaime ar fáil chun fuaimniú focail a shoiléiriú. Ba cheart d'úsáideoirí eolas a chur ar na foclóirí éagsúla atá ar fáil in Multidict sna teangacha a bheidh á lorg acu. Is féidir le húsáideoirí teagmháil a dhéanamh leis an Tionscadal i gcónaí ar cool@languages.dk má tá cur amach acu ar fhoclóirí maithe ar líne nach bhfuil le feiceáil in Multidict cheana féin.



2.4. Wordlink

Is é **Wordlink** an uirlis eile atá lárnach sa dóigh a n-oibríonn **Clilstore**. Seo an bogearra a chruthaíonn nasc go huathoibríoch idir gach focal i dtéacsanna in aonaid fhoghlama **Clilstore** agus Multidict.

Tá Wordlink in ann an chuid is mó de leathanaigh ghréasáin a nascadh focal ar fhocal leis na foclóirí in Multidict. Mar sin is féidir é a úsáid freisin mar uirlis neamhspleách ag **Clilstore.eu** nó go díreach ó <https://clilstore.eu/wordlink/>. Cuidíonn Wordlink le foghlaimoirí ar mian leo foclóirí ar líne a cheadú agus iad ag léamh trí leathanaigh ghréasáin. Bheadh seo úsáideach, cuir i gcás, ag foghlaimoir ar mian leo suíomh Gréasáin nuachta a léamh ar líne ach go dteastaíonn foclóir uathu chun an léitheoireacht a éascú.



Lean na céimeanna seo chun Wordlink a úsáid mar uirlis neamhspleách:

1. Ar dtús greamaigh URL an leathanaigh ghréasáin ba mhaith leat a léamh isteach sa réimse URL (1)
2. Roghnaigh teanga an leathanaigh ón roghchlár anuas (2)
3. I réimse 3, socraigh 'Próiseáil an leathanach idirlín a leanas'

4. I réimse 4, socraigh 'Scáileán roinnte'

5. Tugann Réimse 5 lasc scoránaithe duit le rogha a dhéanamh idir (a) na naisc atá ann cheana a chealú ionas gur féidir na focail sin a nascadh le Multidict, nó (b) na naisc a fhágáil mar atá siad.

6. Cliceáil ar 'Próiseáil' (6)

7. Anois cliceáil ar aon fhocal sa téacs chun breathnú air in Multidict.

Tabhair faoi deara, nuair a chliceáiltear ar fhocal, roinntear an scáileán ina dhá fhráma, i.e., an leathanach gréasáin foinseach (ar thaobh na láimhe clé agus comhéadan an fhoclóra Multidict ar dheis.

I bhFíor 6, feicimid gur clisceáladh ar an fhocal *breithiúnach* agus go bhfuil cúlra an fhocail aibhsithe le dath dorcha anois. Mura bhfuil foghlaimeoir sásta le sainmhíniú an fhoclóra, is féidir leo aistriú go foclóir difriúil trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas.

Maidir le foghlaimeoirí nach ionann T1 s'acu agus an teanga a úsáidtear sa rang nó sa chomhthéacs foghlama, rud atá amhlaidh le himircigh go minic, tá sé thar a bheith luachmhar Multidict a úsáid chun athrú ó theanga amháin nó ó fhoclóir amháin go



Fíor 6. Leathanach ó Multidict.



Fíor 7. Cruthaigh leathanach in Wordlink.

teanga eile agus ba cheart go n-éascódh sé an fhoghlaim agus an léitheoireacht. Is féidir le foghlaimeoirí aistriú go héasca idir teangacha agus foclóirí (réimse 3, **Fíor 6**) i bhfráma Multidict ach cliceáil nó dhó a dhéanamh.

Físeán a thaispeánann conas Wordlink a úsáid

<https://www.youtube.com/watch?v=nAw8nvMKsCg>

Feidhm eile de chuid Wordlink is ea gur féidir téacs nach bhfuil ar líne a ghreamú isteach ann. Sa chás seo, roghnaigh ‘Cruthaigh leathanach’ ón roghchlár anuas (**Fíor 7**).

Má tá téacs agat ba mhaith leat a nascadh focal ar fhocal le Multidict (m.sh., téacs ó r-phost, nó aon téacs nach bhfuil a óstáil ar líne) níl le déanamh ach é a ghreamú anseo. Agus an téacs greamaithe agat, scrollaigh síos



Fíor 8. Roghnaigh an dóigh a dtaispeánfar foclóirí Multidict.

an leathanach agus cliceáil ar ‘Cruthaigh leathanach’ atá suite ag an bhun. Is féidir cliceáil ar fhocal ar bith sa téacs agus é a cheadú le cuidiú Multidict.

Leideanna:

Méid an scáileáin a athrú: Is féidir an líne roinnte idir scáileán an téacs agus scáileán Multidict a tharraingt ar chlé nó ar dheis chun scáileán Multidict a dhéanamh níos mó nó níos lú.

Aonaid ilfhocail:

Ní féidir ach focal amháin

a chliceáil ag aon am amháin. D’fhéadfadh sé seo a bheith ciotach maidir le roinnt nathanna cainte. Is é an réiteach a mholtar ná an chuid eile den bhriathar nó an abairt a chlóscríobh isteach (**Fíor 6**).

Cuimhne ar an fhoclóir a úsáideadh go deireanach:

Cuimhníonn Multidict ar an fhoclóir a úsáideadh go deireanach agus an péire teangacha a rabhthas ag obair leis, cé gur féidir an teanga

agus an foclóir a athrú am ar bith. Féadann sé seo am a shábháil agus tú ag cuardach focail.

Multidict agus naisc atá ann cheana ar leathanaigh ghréasáin:

Tá dhá rogha ar fáil duit má osclaíonn tú leathanach idirlín in Wordlink a bhfuil naisc chuig leathanaigh eile idirlín ann cheana féin. Má roghnaíonn tú ‘Cealaigh na naisc reatha’, déanfar gnáth-théacs de na naisc seo, rud a fhágann go mbeidh tú ábalta cliceáil ar na focail aonair sin agus iad a chuardach in Multidict. Má fhágann tú na naisc mar atá siad, nuair a chliceálann tú orthu rachaidh tú chuig leathanaigh eile idirlín agus beidh na focail go léir sna leathanaigh sin nasctha le Multidict fosta.

CLILSTORE

D'fhoghlaimoirí

Foghlaimoirí: Aimsigh fiseáin teanga ar do leibhéalsa ar ábhair éagsúla, le téipscripteanna ina bhfuil gach focal nasctha le sraith foclóirí ar line i do theangasa.

Do mhúinteoirí

Múinteoirí: Cruthaigh, stóráil agus eagraigh aonaid foghlama ilmheáin ar mhaith le foghlaimoirí.

Fíor 9. Leathanach iontrála Clilstore.

2.5. Comhéadan an fhoghlaimora in Clilstore

2.5.1. Conas comhéadan an fhoghlaimora a úsáid

Sa chuid seo feicfidimid conas is féidir le foghlaimoirí rochtain a fháil ar bhunachar sonraí

Clilstore agus féachaint ar aonad **Clilstore** lena fheidhmeanna gaolmhara Wordlink agus Multidict.

Téigh go Clilstore.eu agus lean na treoracha thíos.

Aimsigh comhéadan na

bhfoghlaimoirí trí chliceáil ar ‘D’fhoghlaimoirí’. Feicfidh tú an scáileán thíos ansin.

Ligeann na réimsí uimhrithe thuas d’fhoghlaimoirí mionchoigeartú a dhéanamh ar a gcuardach ar aonaid. Is féidir leo:

1. aonaid a chuardach trí eochairfhocail
2. sprioctheanga na n-aonad a roghnú
3. leibhéal sprioctheanga ar scála CTET (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) a roghnú
4. úinéir (i.e. údar an aonaid) a roghnú
5. feiceáil cén cineál meáin atá san aonad, m.sh., fuaim, físeán nó ceangaltáin
6. teorainn a chur le líon na-aonad is féidir a fheiceáil ag aon am amháin agus scagairí breise a úsáid chun cuidiú leis an

The screenshot shows a user interface for language learning. At the top, there are two icons: 'D'fhoghlaimoirí' (Language Learning) and 'Do mhúinteoirí' (For Teachers). Below these is a search bar with the text 'Cuardaigh aonaid teagaisc' (Search for language units) and a magnifying glass icon. To the right of the search bar is a red circle with the number '1'. Below the search bar are several filters: 'Teanga' (Language) set to 'Gaeilge (ga)', 'Leibhéal' (Level) with options 'UILE', 'A1', 'A2', 'B1', 'B2', 'C1', and 'C2' (highlighted in red), and 'Úinéir' (Author) set to 'CÓD'. There are also icons for 'Meán' (Media) and 'Glan an scagaire' (Clear filters). Below the filters are two dropdown menus: 'Taispeáin 10 aonad' and 'Taispeáin/Ceil colúin'. At the bottom is a table with columns: 'Aonad', 'Úinéir', 'Teanga', 'Leibhéal', 'Meán', 'Teideal', and 'Is maith liom'. The table contains one row with the following data: '7998', 'CÓD', 'Gaeilge', 'C2', a refresh icon, 'Muiriseachaí An Spidéil - Agallamh leis an stairí Seán Ó Neachtain', and '1'. A red circle with the number '6' is next to the table.

Fíor 10. Comhédan na bhfoghlaimoirí.

chuardach a bheachtú Sa sampla seo (**Fíor 10**), roghnaigh an foghlaimoir **Gaeilge** mar theanga, agus **CÓD** mar ‘Úinéir’. Roghnaíodh leibhéal C2.

Sa réimse cuardaigh ginearálta (mír 1, **Fíor 10**), is féidir leis an fhoghlaimoir eochairfhocail a chur isteach sa réimse “Cuardaigh aonaid teagaisc” d’fhonn aonaid ar leith a fháil. Mar

sin féin, ní féidir ach focail atá i **dTeideal** nó **Achoimre** aonad **Clilstore** a chuardach. Ní féidir focail sa phríomhthéacs a chuardach. Fágann sé sin go bhfuil sé an-tábhachtach do mhúinteoirí atá ag dearadh aonaid teidil thuairisciúla a úsáid nó eochairfhocail a chur isteach san Achoimre, chun gur féidir le daoine eile teacht ar a n-aonaid go héasca.

Tá na colúin seo a leanas le feiceáil de réir réamhshocraithe (**Fíor 11**), ach is féidir colúin bhreise a chur leis, nó colúin eile a bhaint de na scagairí.

Is iad seo na rannáin réamhshocraithe:

- Uimhir aonaid (uimhir aitheantais uathúil)
- Úinéir (údar an aonaid)
- Teanga (an sprioctheanga a roghnaíodh)
- Leibhéal (an leibhéal teanga a roghnaíodh)
- Na meáin atá leabaithe san aonad (físeán, fuaim, srl.)
- Teideal an aonaid
- Líon na “Is maith liom” atá ag an aonad

Má chliceálann tú ar Taispeáin / Ceil Colúin, feicfear liosta iomlán na scagairí is féidir a úsáid i gcolúin bhreise. Tá na cinn atá i bhfeidhm cheana féin aibhsithe

Fíor 11. Na scagairí agus na colúin

Aonad	Úinéir	Leibhéal	Meán	Teideal	Is maith liom
8982	66372937	B2		Na Gradaim Chumarsáide	0
8872	66372937	B2		Alan Titley: An Scithléitheoireacht	0
8841	66372937	B2		Anna Ní Ghallachair	0
8840	66372937	B2		Aindí na hArdteiste	0
8812	CÓD	B2		Slán Aodha Rua (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0
8811	CÓD	B2		Maolmuire an Bhata Bhuí (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0
8810	CÓD	B2		Séarlas Ó Gleadair (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0
8809	CÓD	B2		Seán na Luaithe Buí (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0
8808	CÓD	B2		Gobán Saor (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0
8807	CÓD	B2		Fionn Ó Dónaill (Scéalta Johnny Shéamaisín)	0

Fíor 12. Rogha colún a roghnaíodh chun aonaid a scagadh de réir riachtanais an úsáideora.

le dath dúghorm (**Fíor 12**). Is féidir leat níos mó scagairí a roghnú de réir mar is mian leat.

Má tá scagairí áirithe roghnaithe agat, mar shampla ‘Leibhéal Teanga’, is féidir leat na scagairí réamhshocraithe a chur ar ais ach clliceáil ar ‘Glan an scagaire’.

2.5.2. An tAonad Clilstore

Is gnách go mbíonn ábhar ilmheáin in aonad **Clilstore**, le téacs agus físeán nó comhad fuaime ar a laghad. Tig leis an aonad nascadh le suíomhanna seachtracha, nó le comhaid a uaslódáladh. Is féidir cleachtaí idirghníomhacha ar líne a nascadh nó a neadú san aonad chomh maith.

Léiríonn **Fíor 13** an méid a fheiceann an foghlaimeoir nuair a roghnaíonn siad aonad **Clilstore** ar leith.

The screenshot shows the Clilstore website interface. At the top, there are social media icons and a search bar. Below that, the main content area features a video player with a video titled 'Turas tacsáí conspóideach i nGlaschú'. To the right of the video player is a dictionary interface. The dictionary interface has a search bar with the word 'fionraí' entered. Below the search bar, there are language selection options (Gaeilge (ga) and English (en)). The search results section shows the word 'fionraí' and its definition in Irish: 'Seans gur foirm é **fionraí** de: **fionraigh** > > **fionraigh** >'. The definition also includes the English translation: 'Waiting, wait. **Fear** ~, watchman; **Fish**: net-minder. **Is fada le fear** ~ **feitheamh**, time passes slowly for one who has to wait. **Níor chaill fear na ~ riamh** é, everything comes to those who wait. S.a. LÍON²¹. **3**. Suspense, suspension. **Rud a chur ar ~**, to put sth. in abeyance. **Breith a chur ar ~**, to suspend judgment. **Cuntas** ~, suspense account.'

Fíor 13. Comhéadan an aonaid nuair a chliceáiltear ar fhocal.

Feictear an focal a gclliceálann an foghlaimeoir air sa Réimse ‘Focal’

(1). i bhfráma Multidict. Socraíonn údar an aonaid an teanga fhoinseach agus an t-aonad á chruthú. Bíonn sé seo le feiceáil go huathoibríoch i réimse na teanga foinsí (2).

In (3), is féidir leis an fhoghlaiméoir cibé teanga is mian leo a roghnú mar sprioctheanga don chuardach foclóra. Féadfaidh siad fosta, mar shampla, Gaeilge go Gaeilge, a roghnú chun cuardach aonteangach a dhéanamh. Is féidir leis an úsáideoir aistriú go tapa idir foclóirí trí roghchlár

anuas na bhfoclóirí atá ar fáil a úsáid. Ní gá dóibh an téarma cuardaigh a chur isteach arís chun aistriú idir foclóirí (4), agus mar thoradh air sin is lú and méid ama a theastaíonn chun focail i bhfoclóirí nó i dteangacha éagsúla a chuardach.

Taispeánann Fíor 14 an radharc agus tú ag scrolláil níos faide síos an leathanach san aonad **Cilistore** céanna.

Mar a fheiceann tú, tá físeán (5) curtha isteach ag an údar agus tá 4 chnaipe ghlasa (6) curtha leis a nascann le gníomhaíochtaí eile agus tuilleadh léitheoireachta don fhoghlaimoir.

Feicimid thíos (7) sampla de chleachtadh idirghníomhach a cruthaíodh leis an bhogearra LearningApps.

Fíor 14. Físeán leabaithe san aonad Cilistore.

Tabharfar aghaidh níos déanaí ar dhearadh an aonaid agus ar roinnt suíomhanna gréasáin seachtracha is féidir a úsáid chun cleachtaí forlíontacha a chruthú


2.6. Cilistore agus sealbhú teanga

Is iad na foghlaimoirí sin a bhfuil cur amach bunúsach ar an sprioctheanga acu is mó a

bhaineann tairbhe as **Cilistore**. Bheadh ar ghlanthosaitheoirí tosú amach le téacsanna gairide agus físeáin bhunúsacha. Ceann de na buntáistí a bhaineann le Multidict agus **Cilistore** araon, is ea gur féidir leis an léitheoir dul i ngleic le hábhar ar leibhéal deacrachta níos airde ná a gcumas reatha. Agus téacs ardleibhéil á léamh acu in **Cilistore** (i bpáirt le Multidict), cuidíonn na huirlisí seo

le foghlaimeoirí inniúlacht teanga a fhorbairt trí léitheoireacht, tuiscint agus foghlaim a scafláil. Beidh foghlaimeoirí in ann an téacs a léamh i dtréimhse ama i bhfad níos giorra i gcomparáid leis an téacs a léamh gan cuidiú Multidict.

Is spésiúil breathnú ar an tslí a gcuidíonn **Clilstore** agus Multidict le Sealbhú Teanga de réir hipitéis ionchuir Krashen (Krashen, 1982). Le **Clilstore** is féidir comhthéacsanna a chruthú ina gcuirtear téacsanna roimh foghlaimeoirí atá ag leibhéal níos airde ná an inniúlacht teanga atá acu faoi láthair (lonchur + 1), agus cuidíonn Multidict leis an téacs a dhéanamh níos inrochtana mar ‘lonchur intuigthe’. Cuidíonn an t-ionchur brúite seo, le tacaíocht bhreise Multidict, leis an léitheoir an tasc a chur i gcrích



Fíor 15. Cleachtadh idirghníomhach ar líne a cruthaíodh le LearningApps (<https://learningapps.org/>)

go rathúil. Cuidíonn na huirlisí le foghlaimeoirí fosta agus iad ag dul isteach ina Zón Neasfhorbartha (Vygotsky, 1978) le tacaíocht agus cabhair, go dtí go sealbhaíonn an foghlaimeoir an sprioctheanga.

Gné eile de **Clilstore** a bheidh á plé againn i Roinn 2.8.1 is ea an tógálaí stór focal, a chuidíonn le foghlaimeoirí athchúrsáil a dhéanamh ar stór focal go dtí go mbíonn sé mar chuid dá dteanga inmheánach.

2.7. Conas aonad Clilstore a chruthú

2.7.1. Clárú

Is féidir le duine ar bith brabhsáil trí innéacs **Clilstore** agus teacht ar aonaid, ach beidh ort clárú má tá tú ag iarraidh aonaid de do chuid féin a chruthú.

Téigh chuig **Clilstore**, roghnaigh **Clilstore** agus clliceáil ar ‘Gabh isteach’ agus ansin ‘Cláraigh’. Roghnaigh ainm úsáideora, tabhair d’ainm iomlán (ainm agus sloinne), seoladh ríomhphoist agus pasfhocal.

> **Leid:** Roghnaigh ainm úsáideora a aithneoidh do chuid foghlaimeoirí nó do chomhghleacaithe má bhíonn siad ag cuardach d’aonad. Ní bheidh ort clárú ach uair amháin. Nuair a fhilleann



tú ar **Clilstore**, ní bheidh le déanamh agat ach clliceáil ar ‘Do mhúinteoirí’ agus logáil isteach.

2.7.2. Deais an úsáideora

Agus tú logáilte isteach, nochtann d’ainm úsáideora sa chúinne ag an bharr ar dheis. Má chuireann tú an cúrsóir thar d’ainm úsáideora nochtann clár

Cláraigh ar Clilstore

Ainm úsáideora
3 caractar ar a laghad, dá mhéad iad is amhlaidh is fearr é (ach gan dul thar 16)

Roghnaigh aitheantas úsáideora uathúil

Ainm iomlán
D'fhiairaim - Feicfidh úsáideoirí eile seo

r-phost
Coinnítear seo príobháideach


Pasfhocal
Cruthaigh pasfhocal (8 gcarachtar ar a laghad)

Cuir isteach do phasfhocal arís
Cuir isteach do phasfhocal arís mar dhearbhadh

Cláraigh

An bhfuil cuntas agat cheana féin? [Logáil isteach](#)
Ár bpolasaí príobháideachais [Clliceáil anseo](#)

← Fill




Fíor 18. Deais an úsáideora.

anuas. Seo an deais s'agat (**Fíor 18**), áit ar féidir leat do chuntas a bhainistiú.

Má chliceálann tú ar **M'aonaid**, feicfidh tú liosta de na haonaid ar fad a chruthaigh tú. Is féidir leat eagarthóireacht a dhéanamh orthu nó iad a scrios. Is féidir leat feiceáil cá mhéad 'is maith liom' atá ag gach aonad fosta. Is féidir leat **Cruthaigh aonad** a roghnú, nó breathnú ar **Phunanna**

ar bith a chuir d'fhoghlaimoírí chugat nó is féidir **Logáil amach**. Má chliceálann tú ar **Mo Roghanna** (**Fíor. 19**) is féidir leat:

1. Do phasfhocal a athrú.
2. Is féidir teanga na n-aonad a chruthaíonn tú a réamhshocrú.
3. An tógálaí stór focal a chur ar siúl nó a mhúchadh.
4. D'ainm a athrú.
5. Do sheoladh ríomhphoist a athrú.



Fíor 19. Roghanna an úsáideora

2.7.3. Aonad teagaisc a chruthú

Cliceáil ar ‘Cruthaigh aonad’ ó dheais an úsáideora ar dtús. Oscróidh an leathanach a leanas. Tá réimsí éagsúla le comhlíonadh agus roghanna le déanamh faoi ‘Cruthaigh Aonad’. Seo an chéad 5 réimse.

1. Teideal: Ceap teideal a thugann leid mhaith d’úsáideoirí faoi phríomhábhar an aonaid. Smaoinigh faoi eochairfhocail a chur sa teideal a chuideoidh le daoine teacht air le cuidiú an innill chuardaigh.

2. Scrolláil Téacs: Má roghnaíonn tú seo, fanfaidh físeán nó comhad fuaime ar bith a dhéanann tú a leabú (3) ag barr an leathanaigh nuair a dhéanann úsáideoir an téacs a scrolláil.

3. Cód leabaithe: Is féidir leat

The screenshot shows a web form titled 'Aonad Cllistore nua a chruthú'. It contains several sections with numbered callouts:

- 1:** A text input field for the title ('Teideal').
- 2:** A toggle switch for 'Scrolláil an téacs' (Scroll text).
- 3:** A text input field for 'Cód leabaithe le haghaidh cód físe/fuaime nó íomhá (más ann dó)'. Below it is a rich text editor for 'Téacs' with a toolbar and a large text area.
- 4:** A section for 'Nasc-chnaipí' (Links) with a table for adding links.
- 5:** A button labeled 'Cuir isteach cnaipe breise' (Add more links).

At the bottom, there is a disclaimer: 'Níl comhaid ar bith ceangailte leis an aonad seo faoi láthair. Is féidir comhaid a uaslódáil a bheidh ceangailte leis an aonad seo Déan cinnte go n-ainmnítear gach comhad leis an iarmhír cheart: m.sh. .html nó .docx nó .pdf nó cibé iarmhír a oireann don chomhad.'

Fíor 20. Aonad Cllistore a chruthú - an chéad 5 réimse.


físeán, comhad fuaime nó íomhá a leabú anseo. Fanfaidh an t-ábhar seo ag barr an aonaid.

4. Réimse Téacs: Seo an áit ar féidir leat téacs a scríobh nó a ghreamú, nó do rogha féin

d’íomhánna agus cleachtaí idirghníomhacha a chur isteach. Is féidir leat leas a bhaint as an rogha leathan d’uirlisí eagarthóireachta chun an t-ábhar seo a fhoráidí.

> **Leid:** Má bhrúnn tú iontráil ar do ríomhaire bogann an cúrsóir síos go paragraf nua agus fágann sé spás líne. Más mian leat dul go dtí an chéad líne eile gan paragraf nua a thosú brúigh an eochair iomlaoide + iontráil ag an am céanna.

5. Nasc-chnaipí: Is féidir cnaipe a chruthú chun ligean d'úsáideoirí nascadh go furasta le suíomhanna eile idirlín, cleachtaí idirghníomhacha nó fiú aonad eile **Clilstore**. Ceap teideal don cnaipe (Léitheoireacht bhreise, Bileog oibre, Cleachtadh nó a leithéid). Feicfear an cnaipe seo ag bun d'aonaid agus é críochnaithe. Níl le déanamh ansin ach seoladh idirlín/url an tsuímh a ghreamú sa réimse 'Nasc' ar thaobh na láimhe deise. Is féidir tic a chur le 'WL' anseo fosta má tá tú ag iarraidh go




Fíor 21. Feidhmeanna agus uirlisí eagarthóireachta.

mbeidh úsáideoirí in ann na leathaigh bhreise seo a léamh le cuidiú *Wordlink*. Má chuireann tú tic le ‘Nua’, osclóidh an leathanach breise i dtáb nua. Má fhágann tú ‘Nua’ gan ticeáil, osclóidh an leathanach breise sa táb reatha, in áit an aonaid **Clilstore**. Chun filleadh ar an aonad **Clilstore**, beidh ar an úsáideoir clliceáil ar an chnaipe siar sa bhrabhsálaí.


Is féidir leat cnaipí breise a chruthú ach clliceáil ar ‘Cuir isteach cnaipe breise’.

Is féidir leat nasc-chnaipe a bhaint ach na réimsí a chomhlíon tú roimhe a ghlanadh.

Thíos faoin roinn ‘Nasc-chaipí’ tá saoráid ann a ligeann duit comhaid a uaslódáil. Tá uasmhéid 1 MB le gach comhad aonair. Ligeann seo duit cáipéisí nach



Fíor 22. An tSaoráid Uaslódála



Fíor 23. An comhad a rinneadh a uaslódáil agus a nasc nua in Clilstore.

bhfuil á n-óstáil ar líne cheana féin (m.sh. doiciméad Word, cuir i láthair PowerPoint nó comhad pdf) a roinnt le foghlaimeoirí.

Ó am go ham, molfaidh **Clilstore** duit ainm an chomhaid a leasú, go háirithe nuair atá siombail ann nó teidil fhada. Clliceáil ar ‘OK’. Nochtfaidh an t-ainm sa bhosca bhan, áit ar féidir leat an t-ainm

a leasú tuilleadh más mian leat. Clliceáil ar ‘Uaslódáil’ ansin. Is féidir leat seoladh an naisc nua (**Fíor 23**) a úsáid anois agus é a chur le ceann de na cnaipí glasa. Má théann tú níos faide síos an leathanach ‘Aonad **Clilstore** nua a chruthú’, feicfidh tú na réimsí atá aibhsithe i bh**Fíor 24**.

6. Teanga: Ní mór príomhtheanga an aonaid, m.sh. teanga an fhíseáin, a roghnú ón roghchlár anuas. Is céim thábhachtach í seo, toisc go ndéanann bunús na n-úsáideoirí a théann ar lorg aonad ón innéacs aonaid a scagadh ar bhonn teanga.

7. Leibhéal an Fhoghlaimeora:

Sa chuid seo, ní mór duit meastachán a dhéanamh faoin leibhéal cumais a bheidh ag teastáil ó fhoghlaimeoir chun tairbhe a bhaint as an aonad. Tá na leibhéil seo bunaithe ar *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* (<https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/home>).

Scagaire úsáideach is ea Leibhéal an Fhoghlaimeora chun chuidiú le foghlaimeoirí agus múinteoirí agus iad ag lorg aonad a fhóireann dóibh.

The screenshot shows the Clilstore search interface with the following elements highlighted by red circles:

- 6:** Language dropdown menu set to 'Gaeilge (ga)'.
- 7:** Level dropdown menu set to 'Neamhshonraithe' (Unspecified).
- 8:** Radio button for 'ní ceachtar acu' (None).
- 9:** Empty search results box.
- 10:** Empty notes box.
- 11:** 'Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimeoirí' (Preview here if this is a trial resource, that is, it is not a completed resource ready for use by learners).
- 12:** License selection area with 'BY-SA' selected.
- 13:** License selection area showing various Creative Commons options.
- 14:** 'Follsiogh' (View) button.

Fíor 24. Aonad a chruthú in Clilstore, roghanna 6-14.

Mura roghnaíonn tú leibhéal, marcáilfear an t-aonad mar aonad trialach.

8. Cineál Meáin: Léiríonn seo d'úsáideoirí cé acu a bhfuil físeán nó comhad fuaimne leabaithe san aonad nó gan ceachtar acu. Má chuireann tú tic le 'físeán' nó 'fuaim amháin', osclaíonn réimse nua áit ar féidir leat fad an taifeadta a chur isteach san fhormaid nóiméid : soicindí, m.sh. 05:35.

9. Achoimre: Sa chuid seo, ba chóir duit achoimre ghairid ar ábhar an aonaid a bhreacadh. Déan cinnte go luann tú roinnt eochairfhocal a chuideoidh le húsáideoirí atá ag iarraidh teacht ar aonaid ar an ábhar sin. Tá inneall cuardaigh ar fáil d'innéacs iomlán na n-aonad in **Clilstore**, ach ní chuardaíonn sé ach an téacs atá sa Teideal nó san

Nil comhad ar bith ceangailte leis an aonad seo faoi láthair
Is féidir comhad a uaslódáil a bheidh ceangailte leis an aonad seo Déan cinnte go n-ainmnítear gach comhad leis an iarmhír cheart: m.sh. .html nó .docx nó .pdf nó cibé iarmhír a cireann don chomhad.

Uaslódáil comhad
Roghnaigh comhad ar do ríomhaire: Nil aon ch...ghnaithe.

Teanga **6**

Leibhéal an fhoghlaimora (CTET) Neamhshonraithe A1 A2 B1 B2 C1 C2 **7**
Caithear leibhéal an fhoghlaimora a shainlú, sin nó an t-aonad a mharcáil mar aonad trialach.

Cineál meáin:
 físeán **8**
 fuaim amháin
 ní ceachtar acu

Achoimre: (Uasmhéid carachtar de 1000)
9

Nótaí teanga: (Uasmhéid carachtar de 1000)
10

Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimoirí **11**

Úinéir: CÓD
 Is mise údar an téacs agus an ábhair, nó tá cead agam an téacs agus an t-ábhar a úsáid. **12**
Agus aontaím le polasaí cóipcheada "copyleft" policy Clilstore
Tugaim cead an t-aonad seo a úsáid faoin cheadúnas Creative Commons a leanas

13

BY-SA BY BY-ND
BY-NC-SA BY-NC BY-NC-ND

Attribution-ShareAlike
• Caithefidh aon duine a roinneann cóip den aonad seo nó leagan atá díorthaithe de aitheantas a thabhairt don bhunúdar. (Déanfaidh nasc chuig an bunaonad cúis)
• Ní féidir aon aonad nua bunaithe ar an aonad seo a roinnt ach amháin faoin cheadúnas céanna BY-SA.

14

Follsiogh

Fíor 24. Aonad a chruthú in Clilstore, roghanna 6-14.

Achoimre.

Beidh innill chuardaigh ar nós Google in ann teacht ar d'aonad má chuireann tú eochairfhocail san achoimre, mar sin de, má phléann d'aonad nua le hábhar nach bhfuil mórán eolais ar fáil faoi ar an idirlíon, tá seans an-mhaith ann go dtiocfaidh daoine ar an aonad thrí shaorchuardach ar Google.

10. Nótaí teanga: Is féidir an réimse seo a úsáid chun leideanna a thabhairt faoin chineál teanga atá sna meáin atá leabaithe nó sa téacs (m.sh. nótaí ar an chanúint, nó faoi shaintearmaíocht an aonaid nó faoi luas nó réim na cainte a bheidh le cloisteáil sa taifeadadh).

11. Ticeáil anseo más aonad trialach é seo: Roghnaigh seo má tá an t-aonad gan críochnú nó más aonad trialach atá ann.

Níl comhad ar bith ceangailte leis an aonad seo faoi láthair
Is féidir comhad a uaslódáil a bheidh ceangailte leis an aonad seo Déan cinnte go n-ainmnítear gach comhad leis an iarmhír cheart: m.sh. **.html** nó **.docx** nó **.pdf** nó cibé iarmhír a cireann don chomhad.

Uaslódáil comhad

Roghnaigh comhad ar do ríomhaire: Níl aon ch...ghnaithe.

Teanga: **6**

Leibhéal an fhoghlaimora (CTET) Neamhshonraithe A1 A2 B1 B2 C1 C2 **7**
Caithear leibhéal an fhoghlaimora a shainlú, sin nó an t-aonad a mharcáil mar aonad trialach.

Cineál meáin:

fiseán **8**
 fuaim amháin
 ní ceachtar acu

Achoimre: (Uasmhéid carachtar de 1000)

9

Nótaí teanga: (Uasmhéid carachtar de 1000)

10

Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimoirí **11**

Úinéir:

Is mise údar an téacs agus an ábhair, nó tá cead agam an téacs agus an t-ábhar a úsáid. **12**
Agus aontaím le polasaí cóipcheada **"copyleft"** policy Cillstore

Tugaim cead an t-aonad seo a úsáid faoin cheadúnas [Creative Commons](#) a leanas

13

BY-SA BY BY-ND
BY-NC-SA BY-NC BY-NC-ND

14

Follisigh

Fíor 24. Aonad a chruthú in Clilstore, roghanna 6-14.

Más amhlaidh an scéal, ná déan dearmad filleadh ar an aonad chun é a chríochnú.

12. Úinéir: Bog an eochair scoránaithe ar dheis má tá sé de cheart agat nó má tá cead agat an téacs nó an t-ábhar fuaim/físe srl. a úsáid. Agus seo déanta agat nochtfaidh polasaí cóipchlé **Clilstore** go huathoibríoch agus beidh ort cineál an Cheadúnas Creative Commons atá ag ábhar an aonaid a chur in iúl.

13. Ceadúnas Creative Commons: Ní mór duit cineál an Cheadúnas Creative Commons atá ag ábhar an aonaid a chur in iúl anseo.

A luaithe agus a roghnaíonn tú ceann de na sé cheadúnas nochtfaidh cur síos ar an cheadúnas áirithe sin ar thaobh na láimhe deise.

The screenshot shows the Clilstore upload interface. At the top, there is a header with instructions in Irish. Below that is a section for 'Uaslódáil comhad' (File Upload) with a 'Roghnaigh comhad ar do ríomhaire' (Choose file from your computer) button and a 'Brabhsáil...' (Browse...) button. A language dropdown is set to 'Gaeilge (ga)'. Below this is a 'Leibhéal an fhoghlaimora (CTET)' section with a radio button for 'Neamhshonraithe' (Unspecified) and a progress bar showing levels A1, A2, B1, B2, C1, and C2. A 'Cineál meáin' (Media type) section has radio buttons for 'físeán' (video), 'fuaim amháin' (audio), and 'ní ceachtar acu' (neither). There are two large text input fields for 'Achoimre' (Description) and 'Nótaí teanga' (Language notes). Below these is a 'Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimoírí' (Check here if this is a trial unit, otherwise it is a ready-to-use unit) checkbox. The 'Úinéir' (Author) field is set to 'CÓD'. There is a checkbox for 'Is mise údar an téacs agus an ábhair, nó tá cead agam an téacs agus an t-ábhar a úsáid. Agus aontaím le polasaí cóipcheada "copyleft" policy Clilstore' (I am the author of the text and content, or I have permission to use the text and content, and I agree with Clilstore's copyleft policy). Below this are six Creative Commons license options: BY-SA, BY, BY-ND, BY-NC-SA, BY-NC, and BY-NC-ND. A 'Folláil' (Follow) button is at the bottom right. Red circles with numbers 6 through 14 highlight various elements: 6 (Browse button), 7 (Progress bar), 8 (Media type radio buttons), 9 (Description field), 10 (Language notes field), 11 (Check here checkbox), 12 (Author checkbox), 13 (License options), and 14 (Follow button).

Fíor 24. Aonad a chruthú in Clilstore, roghanna 6-14.

Ceist an-tábhachtach is ea Cóipcheart. Má dhéantar téacs a chóipeáil ón idirlíon nó ó leabhar ba chóir tagairt a chur isteach le haitheantas a thabhairt don fhoinse nó don údar. Maidir le meáin amhail físeáin, déantar iad seo a leabú de ghnáth seachas iad a uaslódáil in **Cilistore**. Ciallaíonn seo nach bhfuil tú ach ag nascadh le suíomh ar líne atá ag óstáil ábhair atá ar fáil do dhuine ar bith ar an idirlíon cheana féin, mar sin de, níl sárú ar chóipcheart i gceist.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi na ceadúnais éagsúla atá ar fáil faoi Creative Commons ach cuairt a thabhairt ar láithreán s'acu <https://creativecommons.org/about/ccllicenses/>.

14. Sábháil aonad: Má chliceálann tú air seo, déantar

The screenshot shows the Clilistore upload interface. At the top, there is a header with instructions in Irish. Below this, the form is divided into several sections:

- Uaslódáil comhad:** A section for uploading a file, with a callout '6' pointing to the file name field.
- Teanga:** A dropdown menu set to 'Gaeilge (ga)', with a callout '6' pointing to it.
- Leibhéal an fhoghlaimora (CTET):** A selection of levels (A1, A2, B1, B2, C1, C2) and a radio button for 'Neamhshonraithe', with a callout '7' pointing to the level selection area.
- Cineál meáin:** Radio buttons for 'físeán', 'fuaim amháin', and 'ní ceachtar acu', with a callout '8' pointing to the selection area.
- Achoimre:** A text area for a summary, with a callout '9' pointing to it.
- Nótaí teanga:** A text area for notes, with a callout '10' pointing to it.
- Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimoirí:** A checkbox, with a callout '11' pointing to it.
- Úinéir:** A field containing 'CÓD', with a callout '11' pointing to it.
- Is mise údar an téacs agus an ábhair, nó tá cead agam an téacs agus an t-ábhar a úsáid. Agus aontaím le polasaí cóipcheada "copyleft" policy Cilistore:** A checkbox, with a callout '12' pointing to it.
- Tugaim cead an t-aonad seo a úsáid faoin cheadúnas Creative Commons a leanas:** A section for selecting a Creative Commons license, with a callout '13' pointing to the license selection area.
- Attribution-ShareAlike:** A text box explaining the license, with a callout '14' pointing to it.
- Follsiogh:** A button at the bottom right, with a callout '14' pointing to it.

Fíor 24. Aonad a chruthú in Clilistore, roghanna 6-14.

d'aonad a shábháil agus bronntar uimhir aonaid agus url **Cilistore** air, m.sh. <https://cilistore.eu/cs/8808>. Is furasta an nasc seo a roinnt le foghlaimeoirí anois. Má chuir tú in iúl gur aonad trialach atá ann go fóill, ní bheidh teacht ar an aonad san innéacs, ach oibríodh an nasc go fóill. Nuair atá an t-aonad críochnaithe agat, ní mór duit an eochair scoránaithe a bhogadh ar chlé (11) lena léiriú nach aonad trialach é a thuilleadh.

2.7.4. Aonad a leasú

Agus aonad cruthaithe, is féidir leasuithe a dhéanamh air agus ábhar breise a chur leis, mar shampla, físeáin, íomhánna agus léaráidí nó ‘Nasc-chnaipí’ nua. Chun aonad a leasú cliceáil ar íomhá an phinn luaidhe ó roghchlár **Cilistore** nó sa chúinne ag an bharr ar dheis san aonad

The screenshot shows the 'Aonad Cilistore a leasú' (Edit Cilistore Unit) interface. At the top, there's a title bar and a toggle for 'Clónáil mar aonad nua' (Clone as new unit). Below that is a search bar for 'Turas tacsai conspóideach i nGlaschú'. A code editor shows an iframe for a SoundCloud player. The main content area is a rich text editor with a toolbar and text in Irish. The text includes a section for 'Cainteoirí' (Speakers) with details for ÁNC and ÁNB. Below the text is a 'Nasc-chnaipí' (Links) section with a table for adding links.

Téacs an chnaipe	WL	Nua	Nasc (url, nó uimhir an aonaid Cilistore)
Tastáil do thuiscint ar an t...	<input type="checkbox"/>	<input checked="" type="checkbox"/>	https://learningapps.org/watch?v=p12hjwpxc20
Is féidir leat scríobh anseo	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	
Is féidir leat scríobh anseo	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	

Below the table is a button: 'Cuir isteach cnaipe breise'.

Fíor 25 Aonad a leasú leis an eagarthóir téacs.

chun tús a chur leis an phróiseas leasaithe (**Fíor 25**).


2.7.5. Uirlisí eagarthóireachta úsáideacha in Cilistore

Sa roinn seo, amharcfaimid ar chuid de na huirlisí eagarthóireachta úsáideacha atá ar fáil in **Cilistore**.

> Nasc a chur isteach i gcorp an téacs

Chun nasc a chur isteach i gcorp an téacs, níl le déanamh ach an focal/na focail a aibhsiú agus cliceáil ar dheilbhín an naisc san eagarthóir (deilbhín 1, **Fíor 26**). Nó, is féidir leat an fheidhm ‘lonsáigh’ a roghnú ón bharr uirlisí:

Nuair a chliceálann tú ar an deilbhín ‘Nasc’, nochtann an fhuinneog aníos seo (**Fíor 28**). Cóipeáil url an tsuímh ba mhaith leat nascadh leis agus greamaigh é sa réimse URL. Tabhair teideal dó más mian leat agus cinn cé acu ba chóir don nasc oscailt san fhuinneog reatha nó i bhfuinneog nua. Is féidir leat seo a roghnú ón roghchlár anuas, áit a ndeir sé ‘Fuinneog reatha’.



The image shows a dialog box titled "Cuir nasc isteach". It has a close button (X) in the top right corner. The dialog contains the following fields and controls: "URL" (text input), "Téacs le taispeáint" (text input), "Teideal" (text input), "Oscailt nasc in..." (dropdown menu with "Fuinneog reatha" selected), "Cealaigh" (button), and "Sábháil" (button).

Fíor 28. Nasc a chur isteach.

> **Leid:** Má roghnaíonn tú ‘Fuinneog reatha’, bogfaidh léitheoir an aonaid ar shuíl ó **Clilstore** go dtí an leathanach idirlín eile. Is féidir go gcuirfeadh seo isteach ar léitheoirí má dhruideann siad an táb seo agus má fheiceann siad nach bhfuil siad in **Clilstore** níos mó. Má roghnaíonn tú ‘Fuinneog nua’, osclaíonn an nasc i dtáb eile, mar sin de, nuair a dhruideann léitheoirí an leathanach idirlín eile, feicfidh siad go bhfuil an t-aonad **Clilstore** oscailte go fóill.

> Grianghraf nó léaráid a chur isteach

Chun grianghraf nó léaráid (m.sh. meabhairmhapa, póstaer nó físghrafaic) úsáid, beidh ort é a chur ar líne ar dtús.

Tá suíomhanna áirithe ann a ligeann duit meabhairmhapaí nó póstaer srl. a chruthú atá á n-óstáil ar líne cheana féin. Mura bhfuil an léaráid ba mhaith leat a úsáid ar líne cheana féin, is féidir leat í a uaslódáil go díreach go **Clilstore** (**Fíor 22**).

> **Leid:** Má tá an íomhá rómhór, seans nach mbeidh tú in ann í a uaslódáil. Tá uasmhéid 1 Mb leis na comhaid a cheadaíonn **Clilstore**. Sa chás sin, d'fhéadfá í a uaslódáil go Google Drive nó stóras eile ar líne den sórt sin. A luaithe agus atá sí uaslódáilte go Google Drive, mar shampla, aimsigh an URL trí chliceáil ar

'Share'. Cóipeáil an URL agus téigh chuig an aonad **Clilstore** ba mhaith leat í a úsáid ann.

Cliceáil ar na deilbhíní le haghaidh grianghraf agus tú i mbun aonad a chruthú nó a leasú (deilbhín 2, **Fíor 26**).

Greamaigh URL na híomhá/na léaráide sa réimse 'Foinse'. Is féidir leat cur síos ar an íomhá a chur isteach. Nochtann Leithead agus Airde na híomhá go huathoibríoch nuair a

ghreamaíonn tú an URL. Is féidir leat toisí na híomhá a athrú chun í a chur in oiriúint don spás atá ar fáil.

Leid: Tá glas fraincín le feiceáil in aice leis an íomhá. Glasálann seo toisí na híomhá, mar sin de, má athraíonn tú leithead na híomhá, athróidh airde na híomhá go huathoibríoch i gcoimhneas leis an leithead.

Má chliceálann tú ar an gglas fraincín chun an glas a bhaint de, is féidir go gcuirfead toisí na híomhá as a riocht.

> Saoráid an réamhamhairc

Is ionann deilbhín 3 i bh**Fíor 26** agus an tsaoráid réamhamhairc. Mura bhfuil tú cinnte faoin chuma a bheidh ar an téacs agus an íomhá san aonad críochnaithe, cliceáil ar

Réamhamharc agus nochtfaidh fuinneog aníos a léireoidh duit an chuma a bheidh ar réimse an téacs agus é críochnaithe.

> *Físeán a leabú*

Tabhair faoi deara go n-úsáidimid an téarma ‘leabú’ anseo. Nuair a phléigh muid ‘Íomhá a chur isteach’ d’úsáid muid an téarma ‘ionsáigh’.

Nuair a uaslódáilann tú íomhá go **Cliistore**, tá tú á cur ar líne laistigh de **Cliistore**, agus ansin á hionsáigh san aonad. Nuair a úsáideann tú cód foinseach na híomhá ó shuíomh seachtrach, m.sh. Google Drive, is amhlaidh go bhfuil tú ag nascadh leis an aonad nó á ‘leabú’ chun go mbeidh an léitheoir in ann an íomhá a fheiceáil laistigh den aonad.

Maidir le físeáin, úsáidimid an prionsabal céanna - déanaimid an físeán a leabú chun go mbeidh



Fíor 30. An cód leabaithe a aimsiú faoi ‘Share’.



Fíor 31. Leabú i gcomparáid le Nascadh.

an léitheoir in ann é a fheiceáil laistigh den aonad, i.e. bíonn sé á shruthú ón suíomh atá á óstáil.


> *Conas an cód leabaithe a aimsiú:*

Tosóimid le **YouTube**.


Bíonn an fheidhm ‘Share’ le feiceáil thíos faoi gach físeán.

Nuair a chliceálann tú ar ‘Share’, nochtann fuinneog aníos. Tugtar nasc fosta, sa chás gur mhaith leat nascadh leis an fhíseán m.sh. i Nasc-chnaipe glas, seachas é a leabú.

Nochtfaidh fuinneog amhail an fhuinneog i bh**Fíor 32**, leis an fhíseán ar chlé, an cód leabaithe ar dheis agus feidhm chóipeála. Sula gcóipeálann tú an cód, scrolláil síos ar thaobh na láimhe deise. Thíos faoin chód leabaithe feicfidh tú ‘Start at’ (**Fíor 33**).



Fíor 32. An cód leabaithe i bh-físeán ar YouTube a chóipeáil.



Fíor 33. Toisí an i-fhráma agus am tosaithe an fhíseáin.

Tá seo an-úsáideach má tá tú ag iarraidh físeán a úsáid atá rófhada. Seans gur mhaith leat an tús a sheachaint agus gan ach cuid de a thaispeáint don fhoghlaimoír. Más amhlaidh atá sé, déan cinnte den tréimhse ama

atá tú ag iarraidh a úsáid. Ticeáil ‘Start at’ agus cuir isteach an t-am tosaithe. Níl smacht ar bith agat ar an am a stopann sé ach d’fhéadfá treoir a thabhairt don fhoghlaimoír amhail ‘amharc ar an fhíseán go dtí 2:45’.


Rud eile atá le tabhairt faoi deara is ea leithead agus airde an i-fhráma, féach **Fíor 33**.

Is ionann an i-fhráma agus an imlíne a bheidh thart ar d'fhíseán in **Cliilstore** - 'fráma an tseinnteora'. Nuair a chóipeálann tú an cód leabaithe, is féidir leat méid an fhíseáin in **Cliilstore** a athrú ach an dá uimhir seo a leasú.


Cliceáil ar 'COPY' agus beidh an cód leabaithe réidh le greamú. Téigh chuig **Cliilstore** anois agus oscail an t-aonad a bhfuil an físeán le leabú ann.

Má tá tú ag iarraidh go mbeidh an físeán le feiceáil ag barr an aonaid, greamaigh an cód leabaithe sa réimse 'Cód leabaithe'.

Má tá tú ag iarraidh go mbeidh an físeán ag scrolláil suas



Fíor 34. Físeán a leabú a dhéanfar a scrolláil leis an téacs.



Fíor 35. Físeán a leabú a fhanfaidh ag barr an téacs.

leis an téacs fad agus atá an léitheoir ag léamh an téacs, fág 'Scrolláil an téacs' mar atá sé (**Fíor 34**). Ná bog an eochair scoránaithe ar dheis.

Má tá tú ag iarraidh go mbeidh an físeán ag barr an aonaid

agus go bhfanfaidh sé ansin fad agus atá an léitheoir ag scrolláil síos, bog an eochair scoránaithe 'Scrolláil an téacs' ar dheis (**Fíor 35**).

Is féidir leat na figiúirí a léiríonn leithead agus airde an fhíseáin

sa chód leabaithe a athrú ach **coinnigh an cóimheas céanna!**

Má tá tú ag iarraidh an físeán a chur isteach i gcorp an téacs, cliceáil ar an chnaipe ‘Meáin’ (deilbhín 4, **Fíor 26**).

Nuair a chliceálann tú ar an chnaipe ‘Cuir meán isteach/in eagar’, nochtfaidh an fhuinneog aníos i **bhFíor 36**.

Greamaigh an cód leabaithe a chóipeáil tú ó YouTube sa réimse ‘Foinse’ (**Fíor 36**). Nochtfaidh an leithead agus an airde go huathoibríoch. Is féidir méid an fhíseáin a athrú anseo. A fhad is go bhfuil an glas fraincín faoi ghlas, coinneofar an cóimheas idir leithead agus airde go huathoibríoch.

Tabhair faoi deara go bhfuil an réimse ‘Ginearálta’ réamhshocraithe. Glacfaidh an réimse seo le bunús na gcód leabaithe. Mura bhfuil an físeán le feiceáil nuair a shábhálann tú an t-aonad, cliceáil ar an pheann luaidhe arís le heagarthóireacht a dhéanamh ar an aonad. Cliceáil ar ‘Cuir meán isteach/in eagar’ agus ansin cliceáil ar ‘Leabaigh’ agus greamaigh an cód leabaithe arís (**Fíor 37**).

Cuir meán isteach/in eagar

[Ginearálta](#) Foinse

Leabaigh

Casta Leithead Airde

Cealaigh Sábháil

Fíor 36.
Físeán a leabú in Clilstore

Cuir meán isteach/in eagar

Ginearálta Greamaigh do chód leabaithe thíos:

[Leabaigh](#)

Casta

Cealaigh Sábháil

Fíor 37.
Físeán a leabú in Clilstore ag úsáid an réimse ‘Leabaigh’.

Cuir meán isteach/in eagar

[Ginearálta](#) Foinse

Leabaigh


Casta Leithead Airde

560 314

Cealaigh Sábháil


Fíor 38.
Méid an mheáin nó an cód foinseach a leasú.

> **Leid:** Má tá an físeán róbheag nó rómhór, cliceáil ar an pheann luaidhe arís leis an méid a leasú. Cliceáil ar an deilbhín ‘Cuir meán isteach/in eagar’ (deilbhín 4, **Fíor 26**). Nochtfaidh an fhuinneog leis an chód leabaithe arís agus is féidir leasuithe a dhéanamh anois (**Fíor 38**).




Fíor 39. Fotheidil ar YouTube a fholú.

Tá uirlis bhreise ag an seinnteoir YouTube. Is féidir fotheidil a thaispeáint nó a fholú. (**Fíor 39**).



Fíor 40. An téipscrip atá ag físeán YouTube a oscailt.

Gintear na fotheidil seo go huathoibríoch, mar sin de, ní bhíonn siad beacht i gcónaí. Is féidir an téipscrip a oscailt ar shuíomh YouTube ach cliceáil ar na 3 phonc (...) in aice le ‘Save’ (**Fíor 40**).



Fíor 41. Téipscrip ó YouTube.

Osclaíonn seo an téipscrip a gineadh go huathoibríoch (**Fíor 41**). NB. ní oibríonn seo don Ghaeilge san am i láthair.


> Ted Talks

Déantar cainteanna ar réimse leathan ábhar a shruthú ar **TED Talks**. Aimsigh an cnaipe ‘Share’.


Nuair a chliceálann tú ar Share tugtar nasc duit. Ní seo an cód leabaithe, nasc atá ann a d’fhéadfaí a úsáid i gceann de na nasc-chnaipí glasa. Cosúil le YouTube, tá roghanna éagsúla ann leis an fhíseán a roinnt. Roghnaigh ‘Embed’, cuirfidh seo an cód leabaithe ar fáil (**Fíor 43**). Cliceáil ar ‘Copy embed code’ chun an t-iomlán a chóipeáil (**Fíor 44**).

Is féidir na céimeanna a leagadh amach thuas a úsáid chun físeán ó TED Talks a leabú agus a fhoráidíú.

Is féidir fotheidil ar Ted Talks a aimsiú, más ann dóibh, ach



Fíor 42. An cód leabaithe a aimsiú ar shuíomh TED Talks.




Fíor 43. An cód leabaithe ar shuíomh TED talks.

cliceáil ar chnaipe na bhfotheidil.


Is minic a bhíonn an téipscript ar fáil i réimse teangacha (**Fíor 46**).

Tabhair faoi deara go bhfuil an téipscript seo nasctha le codanna ar leith den fhíseán. Má chliceálann tú ar chuid áirithe den téipscript ar shuíomh TED Talks, léimfidh an físeán go dtí an pointe sin.


> **Leid:** Bíonn na téipscripteanna ar TED Talks lán hipearnasc de ghnáth. Ní mór iad seo a ghlanadh ón téacs sula n-úsáideann tú an téipscript mar théacs in **Clilstore**. Cóipeáil an téipscript agus ghreamaigh é sa réimse ‘Achoimre’ in **Clilstore**. Cóipeáil an téacs arís ón réimse ‘Achoimre’ agus greamaigh é sa réimse ‘Téacs’. Beidh na hipearnaisc ar fad glanta ón téacs anois.



Fíor 44. ‘Copy embed code’ ar shuíomh TED Talks.



Fíor 45. Cnaipe na bhfotheidil ar TED




Fíor 46. An téipscript agus rogha teangacha ar TED Talks.

Vimeo


Suíomh eile comhroinnte físeán is ea Vimeo. Téigh chuig <https://vimeo.com/watch> le físeán a chuardach. Nuair aimsíonn tú físeán ba mhaith leat a úsáid, cliceáil air. Tá cuma eitleáin ar an chnaipe comhroinnte (**Fíor 47**).

Nochtann an cód leabaithe ag bun na fuinneoige aníos (**Fíor 48**). Níl cnaipe ar bith ann leis an chód a chóipeáil.


Cliceáil áit ar bith laistigh de réimse an chóid leabaithe chun an bosca a oscailt. Roghnófar an téacs (**Fíor 49**). Deaschliceáil ar an luch chun an cód a chóipeáil agus greamaigh é in Clilstore.



Fíor 47. Cnaipe comhroinnte Vimeo.



Fíor 48. An cód leabaithe in Vimeo.



Fíor 49. An cód leabaithe in Vimeo a mhéadú.

Físeáin agus comhaid fuaim a shruthú ó Google Drive.


Má tá físeán taifeadta agat ba mhaith leat a roinnt gan a bheith ag brath ar YouTube nó suíomh comhroinnte eile dá leithéid, is féidir leat é a uaslódáil go Google Drive agus cód leabaithe a fháil dó.

Ar dtús, aimsigh an físeán ar Google Drive agus oscail é (**Fíor. 50**).


Ansin, cliceáil ar 'Roghanna' (na 3 phonc sa chúinne ar dheis ag an bharr), féach **Fíor 51**.

Anois, cliceáil ar 'Share' (**Fíor 52**). Anois, cliceáil ar 'Change to anyone with the link' (**Fíor 53**).


Athróidh na roghanna comhroinnte mar seo a leanas, ach **na cóipeáil an nasc seo!** Ina áit sin, cliceáil ar 'Done'. Imoidh an fhuinneog aníos.



Fíor 50. An comhad a roghnú.



Fíor 51. Clár na Roghanna in Google Drive



Fíor 52. An cnaipe 'Share' in Google Drive



Fíor 53. Rochtain a cheadú do dhuine ar bith a bhfuil an nasc acu.

Nuair a imíonn an fhuinneog aníos, cliceáil ar roghanna (:), arís (**Fíor 51**), agus roghnaigh ‘Open in a new window’ - féach **Fíor 55**.

Nuair a osclaíonn an físeán i bhfuinneog nua, cliceáil ar roghanna (:), arís (**Fíor 51**).

Athraíonn clár na roghanna chun uirlisí eile a thairiscint, feidhm an leabaithe san áireamh (**Fíor 56**).


Is féidir leat an cód leabaithe seo a chóipeáil anois agus é a ghreamú in aonad **Cilistore**.

2.7.6. An cód foinseach in Cilistore


Agus aonad cruthaithe, is féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar an téacs mar cód HTML. Chun sin a dhéanamh, cliceáil ar **Amharc** agus ansin **Cód foinseach** (**Fíor 58**).



Fíor 54. An rogha ‘Get Link’, nár chóir duit a chóipeáil.




Fíor 55. An físeán a oscailt i bhfuinneog nua.




Fíor 56. Na roghanna nua san fhuinneog nua.

Tá an téacs formáidithe anois mar HTML. Tosaíonn gach paragraf le `<p>` agus críochnaíonn sé le `</p>`. Bí cúramach gan na clibeanna seo a scríosadh. Má tá tú ag iarraidh paragraf nua a chur isteach sa téacs, caithfidh tú tosú le `<p>` agus críochnú le `</p>`.




Fíor 57. An cód leabaithe le haghaidh físeáin atá a óstáil in Google Drive.

Má tá tú ag iarraidh grianghraf a chur isteach ó Flickr (<https://www.flickr.com/photos/flickr/>) idir dhá pharagraf, cliceáil ar ‘Share Photo’ agus ansin ‘Embed’. Roghnaítear an cód leabaithe go huathoibríoch. Cuirtear rogha méideanna ar fáil duit. Roghnaigh an méid ba mhaith leat ar dtús. Ansin, cóipeáil an cód leabaithe (Fíor 59).



Fíor 58. Ea-garthóireacht a dhéanamh ar théacs leis an chód foinseach HTML.

Is féidir an cód (i.e. an grianghraf) a ghreamú sa réimse ‘Téacs’ a fhad is go gcuirtear é idir an dá chlib `<p>` agus `</p>`. Seo an cód leabaithe don



Fíor 59. Cód leabaithe samplach ó Flickr agus rogha méideanna.

ghrianghraf samplach i bhFíor

59:

```
<a data-flickr-embed="true" href="https://www.flickr.com/photos/153161148@N08/33362281282/" title="Tiponi Point Visitors"></a><script async src="//embedr.flickr.com/assets/client-code.js" charset="utf-8"></script>
```

I ndiaidh duit an cód leabaithe a chóipeáil agus a ghreamú ó Flickr, feicfidh tú an códú seo ag an deireadh.

```
<script>...</script>
```

Ní mór an dá chlib seo agus an méid idir eatarthu a scríosadh. Is féidir an cur chuige seo a úsáid chun comhad físe nó fuaime breise a leabú i lár an téacs.



2.8. Stór focal a thaifeadadh

2.8.1. An Tógálaí Stór Focal


Uirlis eile scaflála in **Cliilstore** is ea an Tógálaí Stór Focal.

Ligeann seo d'fhoghlaimoirí taifead a choinneáil de na focail a gcuardaíonn siad agus iad ag léamh téacsanna agus téipscripteanna in **Cliilstore**.

Nuair a chliceálann foghlaimoir ar fhocal, cuirtear é lena liosta pearsanta. Is féidir leo an liosta a aimsiú am ar bith trína ndeais phearsanta.

Léiríonn na treoracha thíos conas an Tógálaí Stór Focal a úsáid. Caithfidh foghlaimoirí a bheith cláraithe chun an tsaoráid seo a úsáid.

Agus tú logáilte isteach, tá dhá bhealach leis an Tógálaí Stór Focal a chur ar siúl.




Fíor 60. Deais an úsáideora.



Fíor 61. An Tógálaí Stór Focal a chur ar siúl.

Modh 1: Oscail an deais faoi d'ainm úsáideora agus cliceáil ar 'Roghanna' (**Fíor 60**).

Tugann 'Roghanna' deis duit an Tógálaí Stór Focal a chur ar siúl. Cliceáil ar an bhosca faoi Stór Focal agus cliceáil ar 'Bailligh' (**Fíor 61**). Déanfar gach focal a gcliceálann tú air anois a thaifeadadh sa Tógálaí Stór Focal. Agus seo déanta agat, cliceáil ar 'Fill' ag bun na fuinneoige agus téigh ar ais go dtí an leathanach baile.



Fíor 63. An Tógálaí Stór Focal réidh le taifeadadh.




Fíor 62. An cnaipe leis an Tógálaí Stór Focal a chur ar siúl.

Modh 2: Tabhair faoi deara go bhfuil an Tógálaí Stór Focal ar siúl cheana féin (beidh sé lasta dearg nuair atá sé réidh le stór focal a thaifeadadh) toisc gur shocraigh tú seo faoi ‘Roghanna’.

Is féidir an cnaipe seo a úsáid leis an Tógálaí Stór Focal a chur ar siúl nó a mhúchadh. Beidh sé lasta dearg agus é ar siúl nó gorm agus é múchta.

Chun an liosta stór focal s’agat a fheiceáil, cliceáil ar ‘Roghanna’ ón chlár anuas laistigh den aonad agus ansin ar ‘Stór Focal’ (Fíor 64).



Fíor 64. An liosta stór focal a aimsiú díreach ó aonad Clilstore.

Nuair a chliceálann tú ar ‘Stór Focal’, feicfidh tú an fhuinneog thíos. Tá na colúin agus na feidhmeanna a leanas mar chuid den stór focal:

1. Srios focal.

2. Seiceáil ciall an fhocail arís le Multidict.

3. Breac síos ciall an fhocail, nó abairt a chuideoidh leat an focal a fhoghlaim agus a thuiscint. Is féidir nótaí gramadaí a bhreacadh anseo fiú (m.sh. ‘is ainmfhocal firinscneach é seo’).

4. Seo uimhir an aonaid a bhí á úsáid agat nuair a chliceáil tú ar an fhocal den chéadair. Clliceáil ar an uimhir le filleadh ar an aonad.

5. Léiríonn seo duit na teangacha ar fad a chuardaigh tú in

The screenshot shows the COOL website interface for creating a word list. The page title is 'Stór focal don úsáideoir - CÓD'. The language is set to Gaelige. There are two options for file format: .csv and .tsv. A search bar contains the word 'scannánaí'. Below the search bar, there are buttons for 'Folaigh gach rud', 'Randamaigh', and 'Cuir gach rud ar ais'. A table of results is shown with columns for 'Focal', 'Ciall', and 'clliceáilte in aonad'. The table contains three entries: 'scannánaí' with definition 'duine a dhéanann scannáin' and frequency 7998; 'seanchas' with definition 'soéalta a iompraítear ó ghlún go glún' and frequency 7998; and 'teangmháil' with definition '= teangmháil (CO)' and frequency 7998. Red circles 1-10 highlight various UI elements: 1. Search button, 2. Word input field, 3. Definition input field, 4. Frequency column, 5. Language selector, 6. File format options (.csv/.tsv), 7. Download button, 8. Search button, 9. Clear button, 10. Refresh button.


Fíor 65. An stór focal agus na feidhmeanna a bhaineann leis.

Multidict. Má chuireann tú an luch thar an teanga, feicfidh tú cá mhéad focal a chuardaigh tú.

6. Is féidir an liosta stór focal a easpórtáil chuig do ríomhaire. Tá dhá rogha ar fáil: comhad .csv (osclóidh seo in Microsoft Excel)

nó comhad .tsv (osclóidh seo in Microsoft Word).

7. Is féidir focail a scriosadh ceann ar cheann chun bail a chur ar do liosta.




Fíor 66. Líon na bhfocal a chuardaigh tú i dteangacha éagsúla a chinntiú.

Tástáil do chuid eolais

8. ‘Folaigh gach rud’ - Ligeann seo d’fhoghlaimoirí na cialla a fholú agus a gcuimhne orthu a thástáil.

9. ‘Randamaigh’ - cuireann seo an liosta focal agus na cialla as ord chun cluiche ‘tarraing agus scaoil’ a chruthú. Má dhéanann tú an chiall cheart a phéireáil leis an fhocal ceart, fanfaidh an péire mar atá. Mura ndéanann tú an péireáil cheart, preabfaidh na focail ar ais mar a bhí siad.

10. ‘Cuir gach rud ar ais’ - cuireann seo na cialla ar fad ar ais i gcolún 3.



Fíor 67. Multidict a cheadú arís, díreach ón stór focal.

2.8.2. An stór focal a easpórtáil

Is mór an cuidiú é ag foghlaimoirí an stór focal a easpórtáil agus a choinneáil mar dhoiciméad ar leith ar an ríomhaire. Tá dhá bhealach ann chun seo a dhéanamh.

a) Easpórtáil mar comhad .csv a osclóidh in Excel. Nuair a íoslódáilann tú an comhad, seans go bhfiafrófar díot cad é ba mhaith leat a dhéanamh leis.


Cliceáil ar ‘More Apps’ agus scrolláil síos go dtí go n-aimsíonn tú Excel. Is féidir leat tic a chur

le ‘Always use this app to open .csv files’ (**Fíor 68**). Oslóidh an comhad seo anois in Excel.

Tabhair faoi deara go bhfuil an siombal | le feiceáil i ndiaidh gach focail (**Fíor 69**).

Leid: Chun na siombail seo a ghlanadh, teigh chuig ‘Find and Replace’ (**Fíor 70**) agus greamaigh cóip den siombail | sa réimse ‘Find’ agus fág ‘Replace’ folamh. Clliceáil ar ‘Replace All’ agus glanfar na siombail go léir.


b) Easpórtáil mar chomhad .tsv a osclóidh in Word. Fiafrófar díot arís cén feidhmchlár ba mhaith leat a úsáid leis an chomhad .tsv a oscailt. Clliceáil ar ‘More apps’ agus roghnaigh Word.




Fíor 68. An feidhmchlár ceart a roghnú chun an comhad .csv a oscailt.

	A	
1	access	
2	Adapted	
3	Adorn	
4	advice	
5	affairs	
6	alignment	
7	Altar	

Fíor 69. An stór focal arna easpórtáil mar chomhad .csv.




Fíor 70. Na siombail | a ghlanadh ó chomhad .csv a easpórtáladh.



Iarrfar ort ionchódú a roghnú a dhéanfaidh an comhad inléite (**Fíor 71**), roghnaigh Unicode (UTF-8). Ligfidh seo duit an comhad a oscailt in Word.

2.8.3. Liosta de na focail ar cliceáladh orthu - le haghaidh múinteoirí agus údar na n-aonad

Is féidir le húdar aonaid fáil amach cad iad na focail is mó a bhfuil foghlaimeoirí ag cliceáil orthu ina gcuid aonad. Tá seo áisiúil i gcás múinteoirí atá ag iarraidh fáil amach cá luíonn na deacrachtaí i measc grúpa foghlaimeoirí.



Fíor 73. Eolas faoin aonad le liosta de na focail go léir ar cliceáladh orthu in aonad ar leith.

Tá an t-eolas seo ar fáil sa rannóg eolais atá le feiceáil ag barr gach aonaid.

Is féidir leis an mhúinteoir liosta a aimsiú de na focail ar fad ar clliceáladh orthu, chomh maith le heolas eile faoin aonad (**Fíor 73**).

Má chliceálann tú ar ‘Liosta de na focail ar clliceáladh orthu’, osclóidh an liosta. (**Fíor 74**).

Tá rogha ar fáil ag an údar an t-áiritheoir a athshocrú chun taifead nua a choinneáil. Bheadh seo úsáideach sa chás go bhfuil múinteoir ag iarraidh an t-aonad céanna a úsáid le ranganna difriúla agus gur mhaith leo comparáid a dhéanamh idir na focail a chuardaíonn rang amháin i Multidict i gcomparáid le rang eile.

Clilstore Aonad 1661

Focail ar clliceáladh orthu in aonad Clilstore 166

(ó 2019-03-02)

Sláinte Poiblí

Cruthaithe: 2014-02-27

Líon iomlán na gclliceanna ar fhocail: 3846 (ó 2014-03-19)

Clliceanna	Nua	Focal	An uair dheireanach
19	19	ulpóg	2021-11-05
13	13	bídeach	2021-08-25
10	10	ainsealacha	2020-11-30
10	10	ghnáth	2021-08-31
10	10	luascadh	2021-08-25
10	10	marfach	2021-08-25
9	9	amhlaidh	2021-11-05
8	8	casadh	2021-11-05
8	8	contúirtí	2021-08-31
8	8	galar	2020-11-30
7	7	croniceacha	2020-09-25
7	7	déine	2020-11-30
7	7	fabhtú	2021-08-25
7	7	gheimhridh	2021-11-05
7	7	gidh	2020-11-30
7	7	shroich	2020-11-30
6	6	chóir	2020-03-21
6	6	chumarsáide	2020-11-30
6	6	coimhead	2020-09-25
6	6	matáin	2021-08-25
6	6	mbaol	2020-11-30
6	6	muc	2021-11-05
6	6	tógalach	2021-08-25
5	5	aicidí	2020-09-25
5	5	chuma	2020-11-30
5	5	ciallmhar	2020-11-30
5	5	ciarsúr	2020-11-30

Fíor 74. Liosta de na focail ar clliceáladh orthu in aonad.

2.9. Punanna


Ligeann **Clilstore** d'úsáideoirí punanna bunaithe ar a ngníomhaíochtaí foghlama a chruthú. Éascaíonn na punanna seo an fhoghlaim fhéinriartha agus ligeann siad d'fhoghlaimoirí machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn s'acu féin. Is féidir leis an fhoghlaimoir súil a choinneáil ar na haonaid go léir a raibh siad ag obair leo agus nótaí a bhreacadh ar an méid a d'fhoghlaim siad. Thig leo píosaí oibre a uaslódáil, m.sh. bileog oibre, aiste nó grianghraif agus léaráidí fiú. Is féidir le foghlaimoir fillteán a chruthú do na hábhair dhifriúla atá acu agus rochtain ar na fillteáin sin a cheadú do mhúinteoir amháin nó múinteoirí éagsúla. Is féidir leis an mhúinteoir ansin an phunann a phlé leis an fhoghlaimoir i bpearsa, mar shampla.

2.9.1. An phunann a úsáid


Roghnaigh aonad **Clilstore** agus oscail é. Tugtar na treoracha seo ó pheirspictíocht an fhoghlaimora, mar sin de, ba chóir duit a bheith i modh an fhoghlaimora (D'fhoghlaimoirí), seachas modh an mhúinteora (Do mhúinteoirí).

Cliceáil ar ainm an úsáideora ag barr an aonaid ar dheis Nochtfaidh clár anuas, cliceáil ar 'Punanna' (**Fíor 75**).

Beidh rogha agat ansin an t-aonad ina bhfuil tú faoi láthair a chur le punann reatha nó é a chur le punann nua (**Fíor 76**).



Fíor 75. Punann nua a chruthú.




Fíor 76. Punann reatha a roghnú.

Más mian leat punann nua a chruthú, cliceáil ar ‘Punann nua’ agus ansin ‘Cruthaigh punann nua’ (**Fíor 77**). Rachaidh tú chuig leathanach eile, áit a mbeidh tú in ann teideal a thabhairt don phunann nua agus cuireadh a thabhairt do mhúinteoir breathnú uirthi (**Fíor 78**).

Rachaidh tú ansin chuig an phunann reatha a roghnaigh tú nó chuig an cheann nua a chruthaigh tú. Toisc go bhfuil tú díreach i ndiaidh an phunann seo a chruthú, nochtann sí ar dtús i modh eagarthóireachta. Ligeann seo duit nótaí a chur le haonad ar leith sa phunann, an t-aonad a bhogadh suas nó síos, nó an t-aonad a scriosadh fiú. Má chinneann tú ar an aonad a bhogadh go punann eile, cliceáil ar an deilbhín faoi uimhir an aonaid agus roghnaigh an spriocphunann (**Fíor 79**).



Fíor 77. Ag beartú punann nua a chruthú



Fíor 79. Aonad a bhogadh go punann eile.



Fíor 78. An phunann nua a chumrú

Fíor 80. Leathanach na bpunann agus na huirlisí gaolmhara.

Seo thíos cuntas ar na feidhmeanna go léir i bhFíor 80.

1. Uimhir an aonaid: Má chliceálann tú ar an uimhir, rachaidh tú díreach chuig an aonad.

2. Teideal an aonaid: Feidhmíonn an teideal mar nasc chuig an aonad **Cliistore**. Má chliceálann tú air, rachaidh tú díreach chuig an aonad.

3. Uirlisí Eagarthóireachta: Chun eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar na punainne sna ranna ‘An méid a d’fhoghlaim mé’ agus ‘Nasc chuig mo chuid oibre’, caithfidh tú cliceáil ar an deilbhín eagarthóireachta in aice le teideal an aonaid. Osclaíonn sin an dá cholún seo le haghaidh eagarthóireachta. Tugann na

The screenshot displays the CLILSTORE user interface. At the top, it says 'CLILSTORE | Punann de chuid an úsáideora CÓD'. Below this is a header 'Cúrsaí Sláinte' with a pencil icon. The main content is divided into several sections:

- Aonad Cliistore:** Contains two course cards. The first card is for 'Colaistearól - Comhairle shláinte ón Dochtúir Séamus Ó Beirn' (ID: 8012) and has three numbered callouts (1, 2, 3) pointing to the course title, ID, and edit/delete icons respectively. The second card is for 'Sláinte Phoiblí' (ID: 1661) with a callout (3) pointing to the edit icon.
- An méid a d'fhoghlaim mé:** Contains two cards for course content. The top card has callouts (4, 5) pointing to the title and 'D'fhoghlaim mé téarmaí leighis' respectively. Below it is a search bar 'Cuir isteach mír nua'. The bottom card has a callout (5) pointing to the 'D'fhoghlaim mé' button.
- Nasc chuig mo chuid oibre:** Contains two input fields: 'M'obair' (callout 6) and 'URL' (callout 7).
- Roinnt:** A section for sharing with a text input field 'ainm úsáideora' (callout 8) and a 'Roinnt' button.
- Mo phunanna:** A list of courses with callouts (9, 10) pointing to the 'Cruthaigh punann nua...' button and the 'Ardaigh' button respectively.

Fíor 80. Leathanach na bpunann agus na huirlisí gaolmhara.

3 huirlis seo smacht duit ar an phunann, chun gur féidir leat an phunann a oscailt nó cur léi nó leasuithe a dhéanamh ar na

colúin eile. Má chliceálann tú ar dheilbhín an bhosca bhruscair, glanfar an t-aonad den phunann chomh maith le hobair ar bith a

rinneadh air. Is féidir seo a úsáid nuair nach bhfuil feidhm ar bith agat leis an phunann a thuilleadh. Ligeann na saigheada duit na haonaid a bhogadh suas agus síos sa phunann le hiad a chur in ord tosaíochta duit féin.

4. An méid a d'fhoghlaim mé:

Is féidir leat nóta a dhéanamh anseo, i do chuid focal féin, faoin méid a d'fhoghlaim tú ón aonad. Tá uasmhéid 250 carachtar i gceist anseo. Gach uair a gcríochnaíonn tú mír amháin, nochtann réimse nua (5) chun gur féidir leat mír eile a bhreacadh más mian leat.


Tá uirlisí eagarthóireachta ar fáil duit anseo fosta, chun ráiteas a leasú, a scriosadh nó a bhogadh suas nó síos.

Nuair a chliceálann tú ar dheilbhín an phinn luaidhe,

The screenshot displays the CLILSTORE user interface for a user named 'Punann de chuid an úsáideora CÓD'. The interface is organized into several sections:

- Cúrsaí Sláinte**: A header section with a pencil icon.
- Aonad Clilstore**: A list of course units. The first unit is '8012 Colaistéaról - Comhairle shláinte ón Dochtúir Séamus Ó Beirn' with callouts 1, 2, and 3. The second unit is '1661 Sláinte Phoiblí' with callout 4.
- An méid a d'fhoghlaim mé**: A section for tracking learning progress. It includes a card for '8012' with callout 4, a card for '1661' with callout 5, and a search bar 'Cuir isteach mír nua'.
- Naisc chuig mo chuid oibre**: A section for links to user work, featuring input fields for 'M'obair' (callout 6) and 'URL' (callout 7).
- Roinnt**: A sharing section with a 'Roinnt' button and a text input field 'ainm úsáideora' (callout 8).
- Mo phunanna**: A section for managing courses. It lists 'Cúrsaí Sláinte' (callout 9), 'Punann #2' (callout 10), and 'Mo chéad phunann'. Each entry has an 'Ardaigh' button. A 'Cruthaigh punann nua...' button is at the bottom (callout 9).

Fíor 80. Leathanach na bpunann agus na huirlisí gaolmhara.




Fíor 81. Ráiteas a leasú agus a shábháil faoin cholún 'An méid a d'fhoghlaim mé'.

osclaíonn sé an ráiteas in aice leis le haghaidh leasaithe (**Fíor 81**).

Nuair atá tú réidh leis na leasuithe ar an ráiteas, cliceáil ar an deilbhín 'Sábháil', atá tar éis teacht in áit an chnaipe eagarthóireachta.

5. Cuir isteach mír nua: Is féidir leat míreanna breise a chur isteach sa cholún 'An méid a d'fhoghlaim mé'. (Cuimhnigh go bhfuil uasmhéid 250 carachtar le gach ráiteas).



Fíor 80. Leathanach na bpunann agus na huirlisí gaolmhara.

6. Naisc chuig mo chuid oibre: Is féidir leat naisc a chur isteach anseo chuig obair ar bith a rinne

tú a chruthaíonn go bhfuil tú ag déanamh dul chun cinn maidir le téama an aonaid.

7. Nasc chuig do chuid oibre a chur isteach: Greamaigh nasc idirlín/url anseo chuig obair ábhartha a shábháil tú ar líne (m.sh. go Google Drive). NB. Ní féidir cáipéisí atá stóráilte ar do ríomhaire féin a cheangal anseo.

8. Tabhair cuireadh do mhúinteoir: Beidh ainm úsáideora **Cliistore** an mhúinteora ba mhaith leat an phunann a roinnt leo de dhíth anseo. Is féidir leat rochtain a thabhairt do níos mó ná múinteoir amháin chuig an phunann chéanna.

9. Cruthaigh punann nua: Ná déan dearmad gur féidir leat níos mó ná punann amháin a bheith agat. Thig leat punann dhifriúil a bheith agat d'ábhair dhifriúla nó teangacha difriúla, nó punann a bheith agat le haghaidh múinteoirí difriúla.

CLILSTORE | Punann de chuid an úsáideora CÓD

Cúrsaí Sláinte ✎

Aonad Cliistore	An méid a d'fhoghlaim mé	Naisc chuig mo chuid oibre
8012 Colaistéaról - Comhairle shláinte ón Dochtúir Séamus Ó Beirn 1 2 3	D'fhoghlaim mé faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le colaistéaról sa chorp 4 D'fhoghlaim mé téarmaí leighis 5 Cuir isteach mír nua	M'obair 6 URL 7
1661 Sláinte Phoiblí ✎	D'fhoghlaim mé faoi bhealaí le slaghdáin a sheachaint D'fhoghlaim mé cuid mhór téarmaí nua	

Roinnt

Ní féidir le múinteoir ar bith an phunann seo a fheiceáil go fóill

Tabhair cuireadh do mhúinteoir :

ainm úsáideora 8

Mo phunanna

Cúrsaí Sláinte	punann bheo	[an phunann seo]
Punann #2	↑ Ardaigh	10
Mo chéad phunann	↑ Ardaigh	


Cruthaigh punann nua... 9

Fíor 80. Leathanach na bpunann agus na huirlisí gaolmhara.


10. Mo phunanna: Is féidir na punanna s'agat a chur in ord tosaíochta ach cliceáil ar 'Ardaigh'. Déanann sé seo punann ghníomhach as an phunann atá ag an bharr.

Is féidir imeacht as leathanach na bpunann ach cliceáil ar uimhir nó teideal aonaid agus nó trí chliceáil ar **Cilistore** ag barr an leathanaigh.

Is féidir leat breathnú ar do phunanna gan dul isteach in aonad **Cilistore** roimh ré. Cliceáil ar do dheais (an clár anuas faoi d'ainm úsáideora) agus roghnaigh 'Punanna'.



Fíor 82. Fill ar phríomhleathanach Cilistore




Fíor 83. Na punanna a aimsiú ón deais phearsanta.

2.9.2. Rochtain an mhúinteora ar phunanna

Agus tú i modh an mhúinteora, is féidir leat cliceáil ar ‘Punanna’ sa deais agus breathnú ar phunanna na bhfoghlaimoirí a thug cuireadh duit.

Is iad foghlaimoirí amháin atá ábalta rochtain ar a bpunanna a thairiscint, agus ní féidir le múinteoir breathnú ar na punanna a roinneadh leo ach amháin ón deais ar an leathanach baile.

Cuimhnigh gur féidir le múinteoir punann a chruthú amháin is gur foghlaimoir iad. Thig le múinteoir cuireadh a thabhairt dóibh féin breathnú ar a bpunanna. Sa chás sin, bheadh a bpunanna féin agus punanna na bhfoghlaimoirí go léir le feiceáil sa liosta thuas.



Fíor 84. Breathnaigh ar phunanna na bhfoghlaimoirí i modh an Mhúinteora



Fíor 85. Punanna a bhfuil cead ag an úsáideoir CÓD breathnú orthu.

CAIBIDIL 3: MEASÚNÚ

3.1. Cúlra

Chuir Massler (2011) síos ar an dóigh a bhfuil measúnú FCÁT difriúil ó mheasúnú traidisiúnta. Ó tharla go bhfuil défhócas ag ceacht FCÁT, is gá aird a thabhairt ar theanga agus ar ábhar a mheas. Is féidir le múinteoirí FCÁT measúnú agus aiseolas a úsáid chun foghlaimeoirí a spreagadh chun a dtuiscint ar an ábhar a fhorbairt, agus chun iad a threorú le teanga chruinn a úsáid.

Tá sé níos úsáidí measúnú a dhéanamh ar raon critéar ná díriú ar ghné amháin den fhoghlaim, agus déantar é seo níos éasca má úsáidtear rúibric. Is éard atá i rúibric ná greille

a liostálann na critéir atá le measúnú i sraitheanna, roinnte ina gcolúin do gach grád. I ngach cill, tá tuairiscí ann, a leagann amach an méid atá le déanamh ag an fhoghlaimoír chun an grád a bhaint amach.

Má tá an greille chéanna le húsáid le rang le haghaidh roinnt tascanna éagsúla, nó le haghaidh sraith measúnachtaí thar thréimhse ama, b'úsáideach forchéimniú ó chlé go deas a léiriú, ó iarracht lag go sár-obair. Bheadh sé soiléir ansin ag foghlaimeoirí conas a gcuid oibre a fheabhsú sa chéad mheasúnú eile.

ÁBHAR

Critéir	4- ar fheabhas	3- maith	2- sásúil	1 - míshásúil
Stór focal a bhaineann go sonrach leis an topaic a úsáid in obair scríofa	Úsáideadh na focail nua go léir ar bhealach cuí in abairtí samplacha	Úsáideadh 15 focal nua ar bhealach cuí in abairtí samplacha	Úsáideadh 10 bhfocal nua ar bhealach cuí in abairtí samplacha	Úsáideadh níos lú ná 5 fhocal nua ar bhealach cuí in abairtí samplacha
Eolas ábhartha ó shuíomhanna idirlín éagsúla a aithint	Aithníodh eolas ábhartha ó thrí shuíomh idirlín ar a laghad	Aithníodh eolas ábhartha ó thrí shuíomh idirlín ar a laghad	Aithníodh eolas ábhartha ó shuíomh idirlín amháin ar a laghad	Amharcadh ar níos mó ná suíomh idirlín amháin ach níor aithníodh eolas ábhartha ar bith

COMHOIBRIÚ

Critéir	4- ar fheabhas	3- maith	2- sásúil	1 - míshásúil
An cumas a bheith ag comhoibriú i dtasc grúpa	Éiríonn go maith leis an fhoghlaim-eoir mar bhall de ghrúpa, ag léiriú tionscnaíochta, ag cuidiú le tascanna a chur i gcrích agus ag tacú le gach ball eile den ghrúpa.	Éiríonn go maith leis an fhoghlaim-eoir mar bhall de ghrúpa go minic, ag léiriú tionscnaíochta, ag cuidiú le tascanna a chur i gcrích agus ag tacú le gach ball eile den ghrúpa.	Éiríonn go maith leis an fhoghlaim-eoir mar bhall de ghrúpa in amanna, ag léiriú tionscnaíochta, ag cuidiú le tascanna a chur i gcrích agus ag tacú le gach ball eile den ghrúpa.	Aithníonn an foghlaim-eoir gur ball den ghrúpa iad ach is ar éigean a chuireann siad le rath an ghrúpa.

COMHOIBRIÚ

Critéir	4- ar fheabhas	3- maith	2- sásúil	1 - míshásúil
Úrnuacht agus léaráidí agus ábhair físiúla eile á n-ullmhú	Bhí trí smaoineamh úrnua ar a laghad ag an fhoghlaimoír agus tá siad ábalta an t-ábhar físiúil a ullmhú	Éiríonn go maith leis an fhoghlaimoír mar bhall de ghrúpa go minic, ag léiriú tion-scnaíochta, ag cuidiú le tascanna a chur i gcrích agus ag tacú le gach ball eile den ghrúpa.	Bhí smaoineamh úrnua amháin ar a laghad ag an fhoghlaimoír agus tá siad ábalta an t-ábhar físiúil a ullmhú	Cuireann an foghlaimoír ar bhealach le hábhar físiúil a dheardh agus a ullmhú

Tabhair faoi deara go dtéann an forchéimniú sa dá ghreille thíos ó ‘Bunúsach 1’ go ‘Sármhaith 4’. Moltar seo a úsáid i gcomhthéacsanna ina bhfuil an múinteoir ag iarraidh dea-chleachtas a fhorbairt maidir le modhanna éagsúla le cur i láthair a dhéanamh, Powerpoint sa chás seo. Cuireann sé in iúl d’fhoghlaimoirí cad é ba chóir dóibh a dhéanamh chun go n-éireoidh níos fearr leo sa chéad mheasúnú eile.

CUMAS (A)

SLEAMHNÁIN POWERPOINT	Bunúsach 1	Forásach 2	Cumasach 3	Sármhaith 4
Ord na sleamhnán	Gan mórán airde ar eagrúchán	Aird éigin ar eagrúchán ach doiligh a leanúint	Eagrúchán lag ach fianaise ar fhorbairt	Eagrúchán soiléir, furasta a leanúint
Grianghraif agus grafaicí	Beag agus doiligh a dhéanamh amach agus a thuiscint	Soiléir go leor ach doiligh a thuiscint	Réasúnta soiléir, intuigthe	An-soiléir agus furasta a thuiscint
Sleamhnáin le téacs	Róbheag le léamh	Téacs soiléir ach an t-ábhar doiligh a thuiscint	Róbheag le léamh go compordach ach an t-ábhar furasta a thuiscint	Téacs soiléir agus furasta a thuiscint
Ábhar na sleamhnán	Níor clúdaíodh na topaicí go léir	Clúdaíodh roinnt topaicí	Clúdaíodh bunús na dtopaicí	Clúdaíodh na topaicí go léir
*Láimhseáil na sleamhnán	Láimhseáil bhacach tríd an chur i láthair ar fad	Go leor moille ar an aistriú idir sleamhnáin	Aistriú fadálach idir sleamhnáin	Aistriú réidh agus tráthúil idir sleamhnáin

CUMAS (B)

SLEAMHNÁIN POWERPOINT	Bunúsach 1	Forásach 2	Cumasach 3	Sármhaith 4
Sleamhnáin ábhartha don chaint	Ní raibh an chaint ag teacht leis na sleamhnáin	Ní raibh ach cúpla ceann de na sleamhnáin ag teacht leis an chaint	Bhí an chaint ag teacht leis na sleamhnáin den chuid is mó	Bhí an chaint ag teacht leis na sleamhnáin i rith an ama
Teanga	Cuid mhór fadhbanna le cruinneas i gcúrsaí fuaimnithe agus gramadaí	Roinnt fadhbanna le cruinneas i gcúrsaí fuaimnithe agus gramadaí	Fadhb nó dhó le cruinneas i gcúrsaí fuaimnithe agus gramadaí	Fuaimniú agus gramadach an-chruinn
*Úsáid nasc-abairtí	Tagraíodh don aistriú idir sleamhnáin ach chan go soiléir	Cuireadh an chéad sleamhnán/roinn eile i láthair ach ní dhearnadh achoimre ar an sleamhnán/roinn reatha	Rinneadh achoimre ar an sleamhnán/roinn reatha agus cuireadh an chéad cheann eile i láthair	Úsáideadh nasc-abairtí dea-chumtha idir na sleamhnáin/ranna go léir
Scileanna cumarsáideacha	Léadh na nótaí amach ó script	Léadh an chuid is mó den chaint ó script	Léadh cuid den chaint ó script	Ullmhaíodh script don chur i láthair ach níor léadh uithi
An cur i láthair roinnte idir baill den ghrúpa	Níor labhair ach aon bhall amháin den ghrúpa	Labhair duine amháin an chuid is mó den am	Labhair duine amháin i bhfad níos mó ná na daoine eile	Roinneadh an cur i láthair go cothrom idir na baill ar fad den ghrúpa


CAIBIDIL 4: FÍSEÁIN CHABHRACHA

Is cinnte go mbeidh an treoirleabhar seo áisiúil ag foghlaimeoirí físiúla, ach is féidir go bhfóirfeadh cur chuige eile do chlos-fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí cinéistéiseacha agus iad ag foghlaim conas a oibríonn Clilstore.

Chun freastal ar na foghlaimeoirí seo, d'ullmhaigh muid físeáin chabhracha idirghníomhacha i ngach ceann de na teangacha seo: Danmhairgis (da), Béarla (en), Gaeilge (ga), Iodáilis (it) agus Spáinnis (es).

4.1. Físeán cabhrach a thugann forléargas ar Clilstore

Ar an chéad dul síos, breathnaigh ar fhíseán a thugann léargas achomair ar an dóigh le



Fíor 86. An tsaoráid chabhrach

haonad Clilstore a chruthú.

Ansin, breathnaigh ar na físeáin a leanas, a dhéanfaidh cur síos níos mionsonraithe ar na feidhmeanna éagsúla atá le feiceáil ar shuíomh Clilstore.



4.2. An tsaoráid chabhrach

Má chliceálann tú ar 'Cabhair' ón tsraith uirlisí ag barr an leathanaigh ar dheis ar phríomhleathanach Clilstore rachaidh tú díreach chuig na físeáin chabhracha (Fíor 86).

Tá an tsaoráid chabhrach ar fáil ar an leathanach baile agus ar leathanaigh amhail 'Cruthaigh Aonad'.

Nuair a osclaíonn tú aonad, nochtann an tsaoráid chabhrach mar dheilbhín.

Nuair a lódálann an leathanach cabhrach, beidh sé le feiceáil i dteanga an chomhéadain. Ach mar a dúirt muid roimhe, tá na físeáin ar fáil i 5 teanga: da, en, ga, it, agus es.

Is féidir cliceáil ar na naisc thíos le dul díreach chuig na físeáin chabhracha sna teangacha éagsúla:

Béarla:

<https://languages.dk/help/en>

Danmhairgis:

<https://languages.dk/help/da>

Gaeilge:

<https://languages.dk/help/ga>

Iodáilis:

<https://languages.dk/help/it>

Spáinnis:

<https://languages.dk/help/es>

CLILSTORE

D'fhoghlaimoírí
Foghlaimoírí: Aimsigh físeán teanga ar do leibhéal ar ábhair éagsúla, le téacsropleanna ina bhfuil gach focal nasctha le srath foclóirí ar líne i do theangasa.

Do mhúinteoirí
Múinteoirí: Cruithaigh, stóráil agus eagraigh aonaid foghlama imheán ar mhathe le foghlaimoírí.

cláraigh

Arna mhaoiniú faoin gClár Erasmus+ de chuid an Aontais Eorpaigh

Séanadh: Níl hionann tacalocht an Choimisiúin Eorpaigh do tháirgeadh an fhoilseacháin seo agus formhúil ar ábhair an fhoilseacháin, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

Fíor 87. Na físeáin chabhracha ar leathanach iontrála Clilstore

4.3. Físeáin chabhracha le haghaidh an leathanaigh iontrála

Nuair a chliceálann tú ar an tsaoráid chabhrach i mBéarla, feicfidh tú leagan idirghníomhach den leathanach iontrála. Tá ciorcal dearg thart ar na codanna éagsúla a bhfuil físeán cabhrach ar fáil dóibh. Tá leagan mar seo le feiceáil sna teangacha éagsúla a luadh roimhe.

Cliceáil ar cheann ar bith de na ciorcail seo agus nochtfaidh físeán a bhaineann leis an fheidhm sin ina bhfuil tráchttaireacht le cloisteáil. A luaithe agus a roghnaíonn tú ciorcal ar leith, athróidh an dath ó dhearg go dubh.

The screenshot shows the COOL website interface. At the top, there are navigation links for 'Baile', 'Cabhair', and 'Maidir le'. The user is logged in as 'fred'. There are two main icons: 'D'fhoghlaimoirí' (checked) and 'Do mhúinteoirí'. Below these is a search bar with the text 'Cuardaigh aonaid teagaisc'. There are filters for 'Teanga' (Gaeilge (ga)), 'Leibhéal' (UILE, A1, A2, B1, B2, C1, C2), and 'Úinéir'. There are also buttons for 'Glan an scagaire' and 'Meán'. Below the filters is a table with the following columns: Aonad, Úinéir, Teanga, Leibhéal, Meán, Teideal, and Is malth liom. The table contains several rows of data, with the entry 'Teachtaireacht na Nollag 2019 ó Micheál D.' highlighted in red.


Aonad	Úinéir	Teanga	Leibhéal	Meán	Teideal	Is malth liom
8255	CÓD	Gaeilge	B2	🔊	Conspóid i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha	0
8242	CÓD	Gaeilge	B2	🔊	Tograí CSPE ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair	0
8075	caoimhinsmo	Gaeilge	B1	📄	Teachtaireacht na Nollag 2019 ó Micheál D.	0
8043	CÓD	Gaeilge	C1	🔊	Caoirigh na Japs - Cúlra an amhráin faoi chaibidil ag Lochlainn Ó Tuairisc	0
8019	CÓD	Gaeilge	C1	🔊	Comórtas na mBailte Slachtmhara - Ullmhúchán Choiste na Ceathrún Rua	0
8018	CÓD	Gaeilge	C1	🔊	Féinmhuinín - Comhairle ón Dr Séamus Ó Beirn	0
8012	CÓD	Gaeilge	C1	🔊	Colaistéaról - Comhairle shláinte ón Dochtúir Séamus Ó Beirn	0
8001	CÓD	Gaeilge	C1	🔊	Johnny Kilbane - Agallamh le hÁine Ní Éalaí	0
7998	CÓD	Gaeilge	C2	🔊	Muiriseachaí An Spidéil - Agallamh leis an stairí Seán Ó Neachtain	0

Fíor 88. Na físeáin chabhracha ar chomhéadan an mhúinteora

4.4. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an fhoghlaim

Má chliceálann tú ar ‘D’fhoghlaimoirí’ osclaíonn leathanach idirghníomhach eile le sraith eile d’fhíseáin chabhracha. Beidh na físeáin seo ina gcuidiú ag múinteoirí agus iad ag iarraidh Clilstore a chur i láthair do ghrúpa foghlaimoirí. Cuidíonn siad le daoine atá ag dul i dtailí ar Clilstore den chéadair agus tabharfaid siad intreoir dóibh do na réimsí a leanas: Cuardach, Teanga, Leibhéal, Úinéir agus Meáin.

Má tá na físeáin róbheag duit, cliceáil ar ‘lánscaileán’ ag bun an tseinnteora ar dheis. Méadóidh seo an seinnteoir. Chun méid an tseinnteora a laghdú arís, cliceáil ar ‘esc’.



The screenshot shows a video player window titled "Clilstore.eu help video" overlaid on a website. The video player interface includes a search bar, a "Watch later" button, and a "Share" button. Below the video player, a table displays a list of videos. The table has columns for "Aonad", "Úinéir", "Teanga", "Leibhéal", "Meán", "Teideal", and "Is maith liom".

Aonad	Úinéir	Teanga	Leibhéal	Meán	Teideal	Is maith liom
9177	JorgeSalas	English	B2		How to address uncertainty in construction projects: fundamentals of uncertainty analysis	0
9176	JorgeSalas	English	B2		Role of uncertainty in construction projects	0
9174	JorgeSalas	English	B2		The role uncertainty plays in construction projects, and how to address this with	0

Below the table, there is a row with the following data: 8255, CÓD, Gaeilge, B2, Conspóid i bPáirc Náisiúnta Gheann Bheatha, 0.

Fíor 89. Méadaigh méid an tseinnteora.

4.5. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an mhúinteora

Má chliceálann tú ar ‘Do mhúinteoirí’ osclaíonn na físeáin chabhracha i scáileán idirghníomhach atá rud beag difriúil. Tá cuid de na míreanna mar an gcéanna leis na físeáin i gcomhéadan na bhfoghlaimeoirí, ach ó tharla go mbíonn múinteoirí ag cruthú aonad chomh maith, tá eolas breise ann faoi aonaid a leasú agus a scriosadh fosta (Fíor 90).

The screenshot shows the COOL language learning interface. At the top, there is a navigation bar with the COOL logo and user information. Below the navigation bar, there are two main buttons: 'D'fhoghlaimoirí' (highlighted with a red box) and 'Do mhúinteoirí'. Below these buttons is a search bar with the word 'world' entered. There are also dropdown menus for 'Teanga' (Language) and 'Úinéir' (User), and a 'Meán' (Media) section. A table of video units is displayed below, with columns for 'Aonad', 'Úinéir', 'Teanga', 'Leibhéal', 'Meán', 'Teideal', and 'Is maith liom'. The unit 'Jay Walker on the world's English mania' is highlighted with a red box, and its 'Is maith liom' value is 4. A red box also highlights the 'Taispeáin aonaid thrialacha le húdair eile' toggle switch.

Aonad	Úinéir	Teanga	Leibhéal	Meán	Teideal	Is maith liom
9062	GuthanNanEilean	Ελληνικά	A2		To Κέντρο ημέρας Craigard	0
9033	Máster DLA UPV	English	B1		When is a pandemic over?	0
9008	master dla	English	B1		24 hours on Earth-in one image	0
8989	GuthanNanEilean	Deutsch	B2		Schnellboot nach St Kilda	0
8813	fred	English	B1		Jay Walker on the world's English mania	4

Fíor 90. Na físeáin chabhracha ar chomhéadan an mhúinteora

CAIBIDIL 5: AONAD EISEAMLÁIREACHA CLILSTORE

5.1. Stór ábhar Clilstore

Tá stór ábhar ar fáil in Clilstore d'aonaid fhoghlama i dteangacha éagsúla a chruthaigh pobal cleachtais fairsing an AOO, a bhfuil oideachasóirí, foghlaimeoirí agus cruthaitheoirí ábhair ó gach ceann de na príomh-earnálacha oideachais mar bhaill de.

Tá saoirse ag úsáideoirí cláraithe Clilstore aonaid fhoghlama a dhearadh agus a fhoilsiú de réir a gcuid riachtanas agus stíle féin. Ní dhéanann riarthóirí Clilstore breithiúnas faoi ábhar aonad ach amháin sa chás go bhfuil ábhar míchuí iontu. Nuair a chliceálann tú ar an chnaipe

Clilstore Aonad 1661 tr Change Logáil amach

Ionraí d'aonad 1661

Teideal: Sláinte Phoiblí

Úinéir: CÚD

URL gairid: <https://clilstore.eu/cs/1661>

Achoimre: Pléitear Fliú na Muc anseo agus dea-chleachtas maidir le sláinte poiblí a chosaint. This unit deals with the Swine Flu epidemic and in it a GP gives advice on best practice with regard to preventing the spread of the virus as well as treatments for those who are unlucky enough to contract it.

Nótaí teanga: Cé go mbaineann teanga an fhiosa seo le sainréimse eolais (sláinte), minítear an téarmaíocht i gcomhthéacs agus baineann ábhar an fhiosa leis an phobal i gcoitinne. Is í canúint Chúige Uladh atá ag an bheirt chainteoírí. Although the language in this unit relates to a specific topic (health), the terminology is explained in context and the unit's content is of interest to the general public. Both speakers have the Ulster dialect.

Teanga: ga


Leibhéal CEFR: B1 (25)

Líon na bhfocail: 770

Meán: (4:47)

Cruthaith: 2014-02-27 21:42:47 UT

Athraith: 2021-11-26 12:03:59 UT

Ceadúnas:  [Creative Commons BY-SA](#)

Cuariteanna: 2704

Cliceanna ar fhocail: 3848 (since 2014-03-18) - [Líosta de na focail ar cliceáladh orthu](#)

Is maith liom: 1

[mhaonad \(gan próiseáil le WordLink\)](#) ⇒ [Aistriú ag Google](#)

[Aistriú úinéireachta](#)

Tairg úinéireacht an aonaid seo don úsáideoir Alm úsáideoir Clil Tairg

tuairiscigh mí-úsáid
nis dúinn má shíleann tú go sáraíonn an t-aonad seo rialacha cóipchirt nó go bhfuil ábhar mí-oiriúnach ann ar chóir a bhaint

Clilstore Aonad 1661 tr Change Logáil amach

Fíor 91. Eolas faoin aonad agus an cnaipe le mí-úsáid a thuairisciú

eolais (ag barr gach aonaid ar thaobh na láimhe deise), is féidir leat an fhaisnéis uile faoin aonad a fheiceáil. Féadfaidh tú mí-úsáid a thuairisciú fosta má shíleann tú go bhfuil ábhar míchuí san aonad nó má sháraíonn sé cóipcheart (Fíor 94).

5.1.1. An cnaipe ‘is maith liom’

Tá cnaipe ‘is maith liom’ i ngach aonad foghlama. Níl rochtain air seo ach amháin nuair a bhíonn úsáideoir logáilte isteach. Má chliceálann tú air, áireofar do rogha i líon iomlán na ‘is maith liom’ atá ag an aonad. Má chliceálann tú air arís, cuirfear an ‘is maith liom’ ar ceal (**Fíor 95**).


Cuidíonn an moladh seo ó phiaráí agus úsáideoirí leis an tóir atá ar aonad ar leith a léiriú. Tá líon na ‘is maith liom’ le feiceáil i bpríomhleathanach an bhunachair sonraí, sa cholún deireanach agus, dá bharr sin, is féidir iad a úsáid mar scagaire agus tú ag cuardach aonad le húsáid.

5.1.2. An stór ábhar a choinneáil saor ó bhruscar

Bealach eile chun an bunachar sonraí a choinneáil saor ó aonaid neamhchríochnaithe is ea é seo:



Fíor 92. An cnaipe ‘is maith liom’.

 Ticeáil anseo más aonad trialach é seo, is é sin, ní aonad críochnaithe atá réidh le húsáid ag foghlaimoirí

Úinéir: CÓD

Fíor 93. Aonad a shábháil mar aonad trialach



Fíor 94. An nasc gairid URL le huimhir an aonaid.

Cuir íomhá isteach/in eagar

Foinse

Cur síos ar an íomhá

Leithead Airde

Cealaigh Sábháil

Fíor 95. Cuir isteach an íomhá.

Má tá tú fós ag dul i dtraithí ar Clilstore, ná foilsigh an t-aonad, go dtí go bhfuil tú sásta leis. Sábháil é mar ‘Aonad tástála’. I gcuid 2.7.3, phléigh muid na réimsí uile ar an leathanach ‘Aonad teagaisc a chruthú’.

Sábháilann sé seo d’aonad ach ní bhíonn sé le feiceáil in innéacs na n-aonad d’úsáideoirí atá ag cuardach. Tá an t-aonad cruthaithe go fóill, agus beidh uimhir aonaid ann, más mian leat é a sheoladh chuig d’fhoghlaimoirí chun é a thriail. (Fíor 94).

Aithníonn an URL gearr seo atá le fáil ag bun gach aonaid, aonad ar leith, bíodh sé foilsithe nó ina aonad trialach go fóill. Is féidir an URL seo a chóipeáil go Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE), líonra sóisialta nó suíomh Gréasáin ionas gur féidir le

foghlaimoirí rochtain a fháil ar an ábhair.

5.2. Aonaid eiseamláireacha a thaispeánann na 5 C i dteanga-cha éagsúla

Mar chuid den tionscadal, chruthaigh gach ceann de na foirne idirnáisiúnta atá ag obair ar an tionscadal 20 aonad eiseamláireach ina dteanga féin. San iomlán tá 120 aonad eiseamláireach i mBéarla, sa Danmhairgis, san Iodáilis, sa Spáinnis, sa Ghaeilge agus i nGàidhlig na hAlban. Chun iad a fheiceáil, is féidir leat dul go díreach chuig <https://languages.dk/#NewUnits>.

Tógadh na haonaid seo chun a thaispeáint conas a rinneadh na 5 C (Ábhar, Cumarsáid, Cognaíocht, Inniúlacht agus Pobal) a chomhtháthú i bplean ceachta

an aonaid chun aonad iomlánaíoch 5C a chruthú le Clilstore. Nuair a osclaíonn tú nasc, léiríonn gach ceann de na haonaid leibhéal áirithe foghlaimora (A1-C2). Tugtar achoimre ar ábhar an aonaid, mar aon le tuairisc ar an tslí a dtugann an t-aonad aghaidh ar 5 phríomhréimse FCÁT. Ansin is féidir leat cuairt a thabhairt ar an aonad féin in Clilstore trí nasc chuig an aonad sin.

Seo thíos liosta de 20 aonad eiseamláireach i nGaeilge, le leagan Gaeilge agus Béarla den chur síos ar an dóigh a dtagann siad le 5 réimse FCÁT.

5.2.1. Aonaid eiseamláireacha i nGaeilge

Gheobhaidh tú líosta d’aonaid eiseamláireacha na Gaeilge ar fad anseo: https://languages.dk/irske_units.html

Díol agus Ceannach Tithe	Buying and Selling Houses
Muintir na n-oileán ag iarraidh vótáil ar an lá céanna le tír mór	Islanders seeking vote on same day as mainland
Deontas na scoláirí Gaeltachta laghdaithe	Reduction in student grants for Gaeltacht courses
Easpa scoláirí Gaeilge i nDún na nGall	Reduction in students visiting the Gaeltacht
Maoiniú d'aerfoirt réigiúnacha na hÉireann	Funding for Ireland's regional airports
Oifig Phoist an Bhuna Bhig: Coiste nua tofa le cur in aghaidh a druidime	Bunbeg Post Office: New committee elected to fight closure
Pádraig Ó Dochartaigh - Toghacháin Áitiúla	Pádraig Ó Dochartaigh on Local Elections
Borradh faoi mhargadh na dtithe i nDún na nGall	Lively housing market in Donegal
Tábhacht an tsuirbhé tí	The importance of home surveys
Scéim nua Pobal ar Aire	New Community Watch scheme
Conspóid i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha	Controversy in Glenveagh National Park
Tograí CPSE ag Pobalscoil Ghaoth Dobhair	Civic, Social & Political Education projects at Gweedore Community School
Coiriúlacht Thrasteorann	Cross-border Crime
Turas tacsáí conspóideach i nGlaschú	Controversial taxi journey in Glasgow
Comórtas na mBailte Slachtmhara - Ullmhúchán Choiste na Ceathrún Rua	Tidy Towns Competition - The Carraroe Committee's preparations
Féinmhuinín - Comhairle ón Dochtúir Séamus Ó Beirn	Self-confidence - Advice from Dr Séamus Ó Beirn
Colaistéaról - Comhairle shláinte ón Dochtúir Séamus Ó Beirn	Cholesterol - Health Advice from Dr Séamus Ó Beirn
Johnny Kilbane - Agallamh le hÁine Ní Éalaí	Johnny Kilbane - Interview with Áine Ní Éalaí
Muiriseachaí An Spidéil - Agallamh leis an staraí Seán Ó Neachtain	The Morrises of Spiddal - Interview with the historian Seán Ó Neachtain
Cuairt Uachtarán na hÉireann ar Shasana	The President of Ireland's visit to England

CAIBIDIL 6: FABHTCHEARTÚ

Nuair a thosaíonn tú ag úsáid uirlis nua, is gnách go mbíonn amhras ort faoi ghnéite éagsúla di. Sin an fáth ar ullmhaigh muid na Ceisteanna Coitianta (CCanna) seo a leanas. Níl sé i gceist go léifidh tú iad ó thús go deireadh, ach go mbeidh siad mar phointe tagartha agus tú ag úsáid Clilstore agus a uirlisí gaolmhara Wordlink agus Multidict, den chéad uair. Tá na Ceisteanna Coitianta eagraithe de réir ábhair.

6.1. Logáil isteach

1. Shínigh mé isteach agus tá mé logáilte isteach mar mhúinteoir. Conas a chruthaím aonad? Sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag barr an scáileáin, feicfidh tú d’ainm úsáideora. Cliceáil air, agus beidh roghchlár anuas le feiceáil. Cliceáil ar Cruthaigh Aonad agus tosaigh ag cruthú.

2. Ba mhaith liom mo phasfhocal a athrú. An féidir liom é seo a dhéanamh? Is féidir. Sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag barr an scáileáin, feicfidh tú d’ainm úsáideora. Cliceáil air, agus

ansin cliceáil ar Mo Roghanna sa roghchlár anuas. Is féidir leat do phasfhocal a athrú ansin.

3. Tá dearmad déanta agam ar mo phasfhocal. Conas is féidir liom é a aisghabháil? Cliceáil ar Logáil isteach. Tá rogha ann an pasfhocal a aisghabháil. Déan cinnte go seiceálann tú d’fhillteán Spam ar eagla go ndeachaigh an ríomhphost go díreach ansin.

4. Tá mé logáilte isteach, ach is cosúil nach bhfuil na gnáthfheidhmeanna ar fáil dom. Cén fáth? Déan cinnte go bhfuil tú sa phróifíl cheart, ‘D’fhoghlaimeoirí’ nó ‘Do Mhúinteoirí’ Tá roinnt difríochtaí acu.

6.2. M’aonaid

5. Ba mhaith liom na haonaid uile a chruthaigh mé a fheiceáil. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh? Sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag barr an scáileáin, feicfidh tú d’ainm úsáideora. Déan cinnte go bhfuil “Do Mhúinteoirí” roghnaithe agat. Cliceáil ar d’ainm úsáideora, agus ansin cliceáil ar M’aonaid sa roghchlár anuas.

6. Chruthaigh mé aonad i nGaeilge, ach nuair a bhreathnaím ar liosta na n-aonad san innéacs, deir sé gur i dteanga eile atá sé, agus tá na foclóirí réamhshocraithe don teanga sin. Cén fáth? Déan cinnte gur roghnaigh tú an teanga cheart nuair a chruthaigh tú an t-aonad.

7. Tá Clilstore ag teacht aníos i dteanga eile. Conas is féidir liom an teanga a athrú? Cliceáil ar d'ainm úsáideora sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag barr an scáileáin agus cliceáil ar Roghanna. Is féidir leat an teanga a athrú ansin.

8. Chruthaigh mé aonad faoi ábhar áirithe ach nuair a chuardaím an topaic sa bhosca cuardaigh ní thagann sé aníos. Cén fáth? Ní fhéachann an bosca cuardaigh ach ar fhocail atá i dTeideal agus Achoimre Aonaid. Déan cinnte nuair a chruthaíonn tú aonad, go gcuireann tú eochairfhocail sa 'Teideal' agus san 'Achoimre' i gcónaí chun go mbeidh sé 'inchuardaithe'.

6.3. Eagarthóireacht

9. Ba mhaith liom an cló a athrú in aonad atá á chruthú agam. Cá rachaidh mé chun é sin a dhéanamh? Oscail an t-aonad agus cliceáil ar


dheilbhín an phinn luaidhe, téigh chuig FORMÁID, agus roghnaigh an cló, an clómhéid agus an dath atá uait.

10. Ghreamaigh mé roinnt téacs isteach in Clilstore ach níl sé mar an gcéanna leis an gcló bunaidh i mo dhoiciméad Word. Cén fáth? Tá roinnt clónna ar fáil ag Clilstore, ach níl an raon iomlán a d'fhéadfá a fháil in MS Office ann. Roghnaigh cló cosúil leis an cheann bunaidh ó na clónna atá ar fáil.

6.4. Aonaid a shábháil agus scríosadh:

11. Níl an t-aonad ar a bhfuil mé ag obair críochnaithe agam. An féidir liom é a shábháil mar dhréacht? Tá rogha ann d'aonad a shábháil mar 'Aonad trialach'. Bog an cnaipe scoránaithe ar dheis ionas go bhfanfaidh an t-aonad mar aonad tástála. Nuair a bheidh d'aonad críochnaithe agat, bog an cnaipe scoránaithe ar ais agus sábháil é mar aonad críochnaithe.

12. Ba mhaith liom an dara leathanach focal-nasctha a chruthú ionas gur féidir le m'fhoghlaimoirí dul ón chéad leathanach in aonad Clilstore go leathanach eile inar féidir leo focail a chuardach. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh? Má shábhálann tú an dara leathanach mar aonad trialach, beidh sé inrochtana ag foghlaimoirí go fóill, ach ní bheidh sé le feiceáil san innéacs aonad mar aonad iomlán ar leith.



Cuir íomhá isteach/in eagar

Foinse

Cur síos ar an íomhá

Leithead Airde

Cealaigh Sábháil

Fíor 95. Cuir isteach an íomhá.

13. Conas a scríosfaidh mé aonad nár mhaith liom a choinneáil níos mó? Cliceáil ar d'ainm úsáideora sa chúinne ar thaobh na láimhe deise ag barr an scáileáin nuair a logálann tú isteach. Cliceáil ar 'M'aonaid'. Nuair a bheidh liosta d'aonad le feiceáil, is féidir leat deilbhín an bhosca bruscair a fheiceáil in aice leis an aonad. Féadfaidh tú d'aonad a scríosadh ach cliceáil ar an deilbhín seo.

6.5. Íomhánna a chur isteach

14. Conas a chuirim íomhá isteach? Oscail an t-aonad agus cliceáil ar dheilbhín an phinn luaidhe, téigh go IONSÁIGH agus cliceáil ar dheilbhín na híomhá, agus cuir an cód foinse sa réimse Foinse má tá an íomhá ar líne cheana féin. Mura bhfuil sé ar líne cheana féin, uaslódáil é ó do ríomhaire tríd an tsaoráid uaslódála. Ansin cinntigh go bhfuil an comhad uaslódáilte. Beidh an comhad uaslódáilte le feiceáil san Eagarthóir. Tá an nasc leis an chomhad uaslódáilte ar thaobh na láimhe deise d'ainm an

chomhaid. Cóipeáil an nasc seo agus greamaigh é in IONSÁIGH/ ÍOMHÁ / FOINSE

15. Tá comhad (íomhá / doiciméad) uaslódáilte agam in Clilstore. Cá bhfaighidh mé an nasc don chomhad seo? Cliceáil ar dheilbhín an phinn luaidhe san Aonad a chruthaigh tú nuair a d'uaslódáil tú an comhad. Tá na comhaid uaslódáilte go léir a bhaineann leis an chleachtadh sin ag bun an fhráma téacs, agus tá na naisc chuig na comhaid seo ar thaobh na láimhe deise de gach comhad. Is féidir leat an nasc a chóipeáil as sin.

16. Is féidir liom na híomhánna a fheiceáil i m'aonad ach ní féidir le daoine eile iad a fheiceáil. Cén fáth? Thig leatsa an íomhá a fheiceáil mar tá sí ar do thiomántán cruá áitiúil, ní ar líne. Ba chóir í a uaslódáil chuig ardán ar líne nó Clilstore, áit ar féidir leat nasc ar líne a fháil le húsáid nuair a chliceálann tú ar 'Cuir isteach íomhá'. Feicfidh daoine eile anois í.

17. Chuir mé íomhánna isteach, ach is cosúil go lódálann siad ar bhealach difriúil nuair a dhéantar iad a shábháil. Cad is féidir liom a dhéanamh? Cuir tábla isteach ar dtús agus cuir na pictiúir *isteach* sa tábla. Cuideoidh sé seo leat d'íomhánna

a lonnú, mar shampla, taobh le taobh.

18. Tá íomhá leabaithe agam ach ní thaispeántar í. Conas is féidir liom an fhadhb seo a réiteach? B'fhéidir gur comhad Javascript d'íomhá. Ní féidir le Clilstore Javascript a phróiseáil. Oscail an comhad le Snip & Sketch i Microsoft nó Gabháil Scáileáin má tá ríomhaire Apple á úsáid agat. Athraíonn sé seo an comhad go híomhá nach Javascript é, is féidir leat í a uaslódáil anois.

6.6. Meáin eile a chur isteach (físeáin agus cleachtaí idirghníomhacha)

19. Conas a uaslódálaim físeán? Cliceáil ar dheilbhín an phinn luaidhe san aonad, téigh go IONSÁIGH, cliceáil ar MEÁIN agus ansin cliceáil ar LEABAIGH. Greamaigh an cód leabaithe sa réimse leabaithe.

20. Tá físeán uaslódáilte agam, ach ní fheicim é, agus ní sheinnfidh sé. Cad a dhéanfaidh mé? Seiceáil an bhfuil físeán Flashplayer i d'fhíseán. Ní chheadaíonn go leor brabhsálaithe comhaid .swf (comhaid Flashplayer). Déan iarracht leagan eile den fhíseán a fháil nach bhfuil an iarmhír

chomhadainm .swf ann.

21. Conas is féidir liom an cód leabaithe de chleachtadh idirghníomhach a chruthaigh mé ar aip sheachtrach a leabú? Cóipeáil cód leabaithe an aip sheachtraigh. Ansin, téigh go IONSÁIGH, cliceáil ar MEÁIN agus ansin cliceáil ar LEABAIGH. Greamaigh an cód leabaithe sa bhosca téacs atá le feiceáil (an réimse Leabaithe).

22. Ba mhaith liom uirlis sheachtrach a leabú, ach nuair a chliceálaim ar Ionsáigh na meáin, ní chuireann sé isteach é. Cad is féidir liom a dhéanamh? Nuair a chliceálann tú ar IONSÁIGH, nochtann an táb ‘Ginearálta’ de réir réamhshocraithe. Mura bhfuil d’aip sheachtrach le feiceáil, cliceáil ar LEABAIGH díreach faoina bhun agus greamaigh an cód leabaithe ansin.

23. Tá gníomhaíocht idirghníomhach uaslódáilte agam a dhear mé in (m.sh., Popplet), ach ní fheicim é ar chor ar bith. Cad a dhéanfaidh mé? Seiceáil an mbaineann do ghníomhaíocht úsáid as Flashplayer. Ní cheadaíonn go leor brabhsálaithe comhaid .swf (comhaid Flashplayer) a thuilleadh.

24. Ní féidir liom nascadh le físeán YouTube ón fhráma téacs ag baint úsáide as an eagarthóir nasc. Cad is féidir liom a dhéanamh? Ní cheadaíonn YouTube a leathanaigh a bheith Wordlinked. Déan an físeán a leabú trí chliceáil ar IONSÁIGH > MEÁIN (nochtann an táb ‘Ginearálta’ de réir réamhshocraithe) agus cliceáil ar LEABAIGH. D’fhéadfá nasc-chnaipe glas a úsáid fosta.

25. Tá físeán leabaithe agam in Aonad Clilstore ag barr an Aonaid ach tá méid an fhíseáin ró-mhór. An féidir liom é a dhéanamh níos lú? Is féidir. Sa chód leabaithe, tá dhá uimhir ann a thagraíonn do leithead agus airde an fhíseáin. Is féidir leat na huimhreacha seo a choigeartú (a laghdú nó a mhéadú) chun iad a athrú. Déan iarracht an cóimheas céanna leithead go airde a choinneáil. Coinnigh an glas fraincín san íomhá thíos ‘faoi ghlas’, nuair a athraíonn tú uimhir amháin, athraíonn an ceann eile dá réir.

26. Tá físeán uaslódáilte agam sa réimse leabaithe ag barr m’Aonaid Clilstore, ach tá sé an-bheag. Conas is féidir liom é a dhéanamh níos mó?

Nuair a chóipeáil tú an cód leabaithe, tá 2 uimhir ann a thugann toisí an fhráma ina dtaispeánfar an físeán. Athraigh na huimhreacha go luach níos airde, ach déan iarracht an cóimheas céanna a choinneáil, ionas go mbeidh airde agus leithead an fhráma go fóill le feiceáil sna comhréireanna céanna. Coinnigh an glas fraincín san íomhá thíos ‘faoi ghlas’ ionas go gcoinnítear na comhréireanna. Féach an íomhá thuas.

6.7. Comhaid a uaslódáil

27. Níl Clilstore ag ligean dom comhad PowerPoint a uaslódáil. Cén fáth? Tá teorainn uaslódála de 1 MB ag Clilstore. Laghdaigh méid na ngrianghraf sa PowerPoint trí iad a chomhbhrú NÓ uaslódáil an comhad ar Google Drive agus nasc leis ag baint úsáide as ceann de na nasc-chnaipí.

28. D’uaslódáil mé doiciméad Word agus chuir méic le WL. Ní osclaíonn sé. Cén fáth?

The screenshot shows a dialog box with the title "Cuir meán isteach/in eagar" and a close button (X). It has a tab labeled "Ginearálta". Under "Leabaigh", there is a text input field containing the code: `<iframe width="560" height="315" src="https:"`. Below this, there are two input fields: "Leithead" (Width) with the value "562" and "Airde" (Height) with the value "315". A lock icon is next to the "Airde" field. At the bottom, there are two buttons: "Cealaigh" (Cancel) and "Sábháil" (Save). A tooltip with the text "Cealaigh" is visible over the "Cealaigh" button.

Fíor 96. Cuir isteach meáin.

Ní féidir le Wordlink (WL) comhaid Word, PDF, Excel nó PowerPoint a léamh. Déan an téacs i ndoiciméad Word a ghreamú in aonad Clilstore nua agus sábháil é mar Aonad Trialach. Ansin nasc leis an Aonad sin ag baint úsáide as a URL (i.e. [www.Clilstore.eu/cs/UIMHIR AN AONAD](http://www.Clilstore.eu/cs/UIMHIR%20AN%AONAD)).

6.8. Nascadh

29. Tá mé ag iarraidh nasc a dhéanamh le Google Doc atá roinnte go poiblí, ach níl sé ag ligean dom. Cén fáth? Ní féidir leat nasc a chruthú le Google Doc a roinntear go poiblí laistigh den

fhráma téacs. Úsáid ceann de na nasc-chnaipí glasa ina áit sin. Tar éis duit an comhad a nascadh, ná cuir tic le WL toisc nach féidir le Wordlink cáipéisí Word a léamh.

30. Tá mé ag iarraidh nasc a dhéanamh le leathanach Clilstore eile sa fhráma téacs, ach níl na focail nasctha le Wordlink. Cad is féidir liom a dhéanamh? Ní féidir seo a dhéanamh.

Úsáid ceann de na nasc-chnaipí ina áit sin. Agus an leathanach cruthaithe agat cuir tic le WL.

31. Nuair a nascaim le haonad Clilstore eile trí URL an aonaid sin a ghreamú ó bharr seoltaí an bhrabhsálaí, ní thaispeántar an cnaipe. Cén fáth? Cuimsíonn an URL i mbarra seoltaí an bhrabhsálaí *an t-úsáideoir atá logáilte isteach* agus aonad á chruthú, mar shampla: <https://clilstore.eu/wordlink/?navsize=1&sl=en&url=https://clilstore.eu/clilstore/page.php?id=9272{and}user=SandraAM{and}hl=en>. Mar sin de, ní féidir le húsáideoir eile an URL seo a úsáid. Chun é seo a sheachaint, bain úsáid as an URL gearr i gcónaí (m.sh., <https://clilstore.eu/cs/8789>) atá le feiceáil ag bun gach aonaid.

32. Ba mhaith liom nasc chuig aonad a chur chuig m'fhoghlaimoirí. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh? Seol an URL gairid chucu i gcónaí (m.sh., <https://clilstore.eu/cs/8789>), atá suite ag bun gach Aonaid. Is féidir teacht ar aonaid thrialacha fosta, toisc go bhfuil a URL uathúil féin ag gach aonad.

33. Ghreamaigh mé URL ag úsáid lonsáigh > Cuir nasc isteach/ in eagar. Ní oibríonn sé i gceart. Cuir an nasc i gcnaipe. San fheidhm lonsáigh / Cuir nasc isteach/in eagar, d'fhéadfadh sé lúb a chruthú ina ndéanann Wordlink iarracht nascadh le leathanach atá ceangailte le Wordlink cheana féin.

6.9. Stór focal a thaifeadadh

34. Ba mhaith liom go gcoinneoidh m'fhoghlaimoirí taifead de na focail ar chliceáil siad orthu le hiad a cheadú i bhfoclóir. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh? Má tá foghlaimoir cláraithe agus logáilte isteach, is féidir leo dul chuig Stór Focal (ar thaobh na láimhe deise ag barr an Aonaid) agus liosta de na focail go léir a breathnaíodh a fheiceáil. Is féidir leis an fhoghlaimoir a bhrí féin a scríobh síos ar an leathanach Stór Focal fosta.

35. An féidir liom a fheiceáil cé na focail atá á lorg ag m'fhoghlaimoirí? Chuideodh sé seo liom mar mhúinteoir. Oscail an t-aonad. Ag an bharr tá an deilbhín eolais a thugann an fhaisnéis uile faoin aonad duit. Is féidir leat an 'Liosta de na focail ar cliceáladh orthu' a fháil ansin.

36. Cad a dhéanann 'Folaigh gach rud'? Folaíonn an cnaipe 'Folaigh gach rud' an bhrí a scríobh an foghlaimoir in aice leis an fhocal a chuardaigh siad. Ligeann sé seo dóibh cuimhneamh ar bhrí an fhocail. Tugann 'Cuir gach rud ar ais' na bríonna ar ais, ionas go mbeidh na foghlaimoirí in ann a fheiceáil ar chuimhnigh siad orthu i gceart.

37. Cad é 'Randamaigh' sna huirlisí 'Tastáil tú féin'? Déanann 'randamaigh' bríonna na bhfocal a bhailigh an foghlaimoir a chur as ord. Cruthaíonn sé cleachtadh meaitseála idirghníomhach 'tarraing-agus-scaoil' inar féidir leis an fhoghlaimoir iarracht a dhéanamh na bríonna a mheaitseáil leis na focail ar an taobh clé.

6.10. Punanna

38. Ba mhaith liom a thaispeáint do m'fhoghlaimoirí conas punann a chruthú. Conas a dhéanann siad é seo? Tá Ainm Úsáideora gach foghlaimora le feiceáil ag barr gach aonaid. Ba chóir dóibh cliceáil ar a n-ainm úsáideora, agus ansin ar 'punann'. Ba chóir dóibh ansin cliceáil ar 'Cruthaigh punann nua'. Ansin is féidir leo ainm a thabhairt don phunann, m.sh. 'Rang litríochta'.

39. Conas is féidir le foghlaimoir rochtain a thabhairt don mhúinteoir ar an phunann? Má thugann tú d'aitheantas úsáideora do na foghlaimoirí, is féidir leo é a chur isteach agus punann nua á chruthú ionas go mbeidh sé infheicthe agat. Is féidir leo é a chur níos déanaí óna leathanach Punanna.

40. Cad é m'aitheantas úsáideora? Is ionann d'aitheantas úsáideora agus an t-ainm a roghnaigh tú nuair a chruthaigh tú do chuntas Clilstore. Tá sé le feiceáil sa chúinne ar thaobh na lámhe deise ar barr an leathanaigh nuair a logálann tú isteach ar Clilstore.

41. An féidir punanna éagsúla a bheith ag foghlaimeoirí? Is ea, is féidir leo punanna éagsúla a bheith acu, m.sh., Rang Béarla, Rang Fraincise, srl. A luaithe agus a chliceálann siad ar ‘punann’ laistigh d’aonad, is féidir leo an phunann atá ann cheana a roghnú le haonad a chur leis nó punann nua a chruthú le cur leis.



Fíor 97. Rogha a dhéanamh idir punanna éagsúla.

42. Conas is féidir leis an fhoghlaimeoir roghnú idir punanna éagsúla?

Ar leathanach na bpunann, beidh mic léinn in ann a gcuid punann éagsúil a fheiceáil. Tá an phunann dheireanach a úsáideadh le feiceáil - an phunann ‘ghníomhach’. Mar sin féin, is féidir leo an phunann atá le feiceáil a athrú trí chliceáil ar ‘Ardaigh’. Déanann sé seo punann ghníomhach as an phunann a ardaíonn siad.

43. Conas is féidir le foghlaimeoirí Aonad a chur le punann áirithe? Nuair a chliceálann foghlaimeoir ar ‘punann’ laistigh d’aonad, feictear liosta dá bpunanna uile, lena n-áirítear an rogha punann nua

a chruthú. Ansin is féidir leo punann a roghnú chun an t-aonad a chur léi.

44. An féidir leo a gcuid oibre a uaslódáil nó a nascadh ina bpunann? Ní féidir le mic léinn obair a uaslódáil ina bpunann. Mar sin féin, is féidir leo é a uaslódáil i suíomh mar Google Drive nó Dropbox agus an nasc leis a ghreamú i ‘Naisc chuig mo chuid oibre’. D’fhéadfadh go mbeadh cúnamh a dtuismitheoirí ag teastáil ó fhoghlaimeoirí an-óga.

45. Conas is féidir le múinteoir punanna na

bhfoghlaimoirí a fheiceáil?

Nuair a chruthaíonn tú cuntas in Clilstore, tá dhá phróifíl ar fáil duit, i.e. mar ‘fhoghlaimoir’ nó mar ‘mhúinteoir’. Is féidir leat aistriú go héasca idir an dá mhodh ón phríomhleathanach Clilstore. Féach thíos.

Mar ‘fhoghlaimoir’, is féidir leat do phunanna féin a chruthú (m.sh., dá mbeifeása mar mhúinteoir ag foghlaim teanga eile). Mar ‘mhúinteoir’, nuair a chliceálann tú ar d’ainm úsáideora ó dheais an úsáideora ar phríomhleathanach Clilstore, agus ansin ar an Phunann, beidh tú in ann na punanna go léir ar thug d’fhoghlaimoirí cuireadh duit a léamh a fheiceáil.

46. An féidir le níos mó ná múinteoir amháin rochtain a bheith acu ar an phunann chéanna? Is féidir. Faoi ‘Roinnt’ is féidir le foghlaimoir Aitheantas Úsáideora an chéad mhúinteora a chlóschríobh, agus Iontráil a brú ar a méarchlár.

The image shows a blue interface for CLILSTORE. At the top, the word 'CLILSTORE' is written in white. Below it are two circular icons: a green one with a white icon of a person at a computer, and a pink one with a white icon of a person at a whiteboard. Under each icon is a white rounded rectangle containing text. Below these are two columns of smaller text.

CLILSTORE

D'fhoghlaimoirí

Do mhúinteoirí

Foghlaimoirí: Aimsigh fiseáin teanga ar do leibhéalsa ar ábhair éagsúla, le téipscripteanna ina bhfuil gach focal nasccha le sraith foclóirí ar líne i do theangasa.

Múinteoirí: Cruthaigh, stóráil agus eagraigh aonaid foghlama ilmheáin ar mhaithe le foghlaimoirí.

Ansin ba chóir dóibh Aitheantas Úsáideora aon mhúinteora eile a chlóschríobh más mian leo go bhfeicfidh siad a bpunann.


47. An féidir le foghlaimoirí cuireadh a thabhairt do mhúinteoir chuig punanna éagsúla? Is féidir. Ar aon dul le (44) thuas, is féidir le foghlaimoir cuireadh a thabhairt do dhuine ar bith is mian leo ach Aitheantas Úsáideora an duine sin a iontráil.

Fíor 98. Athraigh ó mhodh an mhúinteora go modh an fhoghlaimora

48. An féidir aonad a chur in eagar nó a scríosadh ón phunann? A luaithe agus a osclaíonn foghlaimoir a phunann agus a chliceálann siad ar dheilbhín an phinn luaidhe, cuireann sé seo rogha ar fáil an t-aonad a scríosadh.

49. An féidir na haonaid sa phunann a atheagrú? A luaithe agus a osclaíonn foghlaimoir a phunann agus a chliceálann sé ar dheilbhín an phinn luaidhe, cuireann siad seo rogha ar fáil an t-aonad a bhogadh suas nó síos ina phunann.

50. Deir foghlaimoir: ‘Is féidir liom mo chuid punann a fheiceáil ach ní fheicim conas eagarthóireacht a dhéanamh sa chéad 2 cholún eile. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh?’ Chun eagarthóireacht a dhéanamh ar thaifead punainne sna rannáin ‘An méid a d’fhoghlaim mé’ agus ‘Naisc



chuig mo chuid oibre’, ní mór d’fhoghlaimoir clliceáil ar dtús ar an deilbhín in aice le teideal an Aonaid. Osclaíonn sé seo an dá cholún seo le haghaidh eagarthóireachta.

ACMHAINNÍ

Agus tú ag brabhsáil trí na haonaid eiseamláireacha agus na haonaid eile san innéacs, tabharfaidh tú faoi deara go mbíonn cleachtaí idirghníomhacha leabaithe san aonad nó nasctha leo uaireanta.

Tá raidhse uirlisí teicneolaíochta ann na laethanta seo a chuireann uirlisí seachtracha ar líne ar fáil do mhúinteoirí chun cleachtaí idirghníomhacha ar líne, póstaer, físghrafaicí, mapaí intinne, srl. a chruthú. De ghnáth soláthraíonn táirge críochnaithe na n-uirlisí seo nasc agus cód leabaithe an táirge sin, ar féidir le múinteoir atá ag údarú aonaid in Clilstore a leabú nó nasc a dhéanamh leis.

Déantar leabú ar an tslí chéanna le físeán (féach 2.7.5.). Léirigh muid fosta conas nasc a chur isteach sa chuid chéanna.

Trí uirlisí seachtracha a úsáid chun ábhar breise a chruthú do d'aonaid, is féidir leat d'aonad Clilstore a mhaisiú trí na cleachtaí seachtracha seo, srl. a ionchorprú, agus é a dhéanamh ina aonad 'níos iomláine', le níos mó ná téacs léitheoireachta agus físeán nó fuaim amháin.

Seo liosta d'acmhainní seachtracha a shílimid a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit chun do chuid aonad a mhaisiú mar go dtugann an chuid is mó díobh cóid leabaithe:

Sruthú físeáin

- **CLIL for STEAM:** Suíomh Gréasáin le raidhse físeán, acmhainní agus pleananna ceachta agus é mar aidhm aige staidéar ar: eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaín agus matamaitic; agus Béarla mar theanga iasachta a cheangal <https://clil4steam.pixel-online.org/>
- **eCorner:** Suíomh Gréasáin le hacmhainní físe a chruthaigh Ollscoil Stanford <https://ecorner.stanford.edu/>
- **Acadamh Kahn:** Leabharlann fhairsing d'ábhar oideachasúil <https://www.khanacademy.org/>
- **Cainteanna TED (Teicneolaíocht, Siamsaíocht, Dearadh):** Suíomh Gréasáin le +900 físeán <https://www.ted.com>
- **Vimeo:** Suíomh Gréasáin le hacmhainní físe <https://vimeo.com>
- **YouTube:** An suíomh Gréasáin is mó le hacmhainní físe <https://www.youtube.com>

Uirlisí cainte agus éisteachta

- **Soundcloud:** Suíomh Gréasáin chun comhaid fuaime inleabaithe a óstáil agus a roinnt <https://soundcloud.com/>
- **Voki:** Clár saor in aisce chun abhatáranna pearsantaithe labhartha a chruthú agus a úsáid mar uirlisí foghlama <https://www.voki.com/>
- **Read the words:** Teicneolaíocht téacs-go-hurlabhra chun faisnéis i scríbhinn a phróiseáil <http://www.readthewords.com/>
- **Vocaroo:** Uirlis taifeadta gutha simplí. Is féidir na taifeadtaí a shábháil ar ríomhaire nó a leabú ar láithreáin ghréasáin <https://vocaroo.com/>
- **Audioboom:** Ardán gréasáin agus soghluaiste chun taifeadtaí fuaime 5 nóiméad a thaifeadadh agus a roinnt. Is féidir éisteacht leo ar ghléasanna soghluaiste nó ríomhairí pearsanta <https://audioboom.com/>
- **Listen-and-write:** Uirlis gréasáin a sholáthraíonn cleachtaí éisteachta saor in aisce. Is féidir é a úsáid chun cleachtaí pearsantaithe éisteachta a chruthú i dteangacha éagsúla <https://www.listen-and-write.com/>

Gníomhaíochtaí a Chruthú

- **Class Tools:** Suíomh Gréasáin le go leor acmhainní do mhúinteoirí chun gníomhaíochtaí a fhóireann d'aonaid Clilstore a chruthú <https://classtools.net/>
- **LearningApps.org:** Is feidhmchlár idirlíonbhunaithe é seo a ligeann do mhúinteoirí gníomhaíochtaí foghlama idirghníomhacha saincheaptha a chruthú (m.sh., líonadh bearnaí, cleachtaí meaitseála, saorfhreagairt, ilroghnacha srl.). Is féidir na gníomhaíochtaí seo a chur in oiriúint chun tógáil ar an ábhar closamhairc nó téacs in aonad Clilstore agus iad a thabhairt isteach d'fhoghlaimoirí trí na nascchnaipí glasa nó trí iad a neadú laistigh den fhráma téacs. Is féidir le múinteoirí cuntas a chruthú chun a gcuid gníomhaíochtaí féin a dhéanamh nó úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí atá ann cheana agus atá á n-óstáil ar líne ag <https://learningapps.org>
- **Edpuzzle:** Suíomh Gréasáin a chuidíonn leat ceachtanna físe a chruthú <https://edpuzzle.com/>
- **H5P.org:** Suíomh Gréasáin le go leor acmhainní do mhúinteoirí chun gníomhaíochtaí a chruthú a fóireann d'aonaid Clilstore <https://h5p.org>
- **ThingLink:** Uirlis chun íomhánna idirghníomhacha, físeáin agus meáin 360 ° a chruthú <https://www.thinglink.com>

Uirlisí eagraíochta

- **WordArt:** Cruthaitheoir ealaíne néalbhunaithe. <https://wordart.com>
- **Bitly:** Seirbhís a ligeann duit URL amháin nó tacar URLanna a laghdú <https://bitly.com/>
- **Weblist:** Suíomh comhroinnte ábhar a chuireann bealach éasca ar fáil chun leathanaigh ghréasáin, íomhánna, comhaid, físeáin, téacs nó doiciméid a roinnt in aon seoladh URL amháin <https://www.weblist.io>
- **Kidblogs:** Ardán blagála do pháistí <https://go.fan.school/kidblog>
- **Snappages:** Cruthaitheoir láithreán gréasáin pearsanta le feidhmeanna chun blaganna a chruthú, grianghraif a roinnt, agus féilire ar líne. Uirlisí iontacha chun íomhánna ó Facebook, Picassa, Flickr nó PC a chur in eagar <https://snappages.com/>
- **Miro:** Suíomh Gréasáin chun mapaí intinne a chruthú <https://miro.com/mind-map/>

Stór focal

- **Quizlet:** Cruthaitheoir spleách-chártaí le réimse cluichí foghlama. Is féidir le húsáideoirí tacair phearsanta a dhéanamh, iad a roinnt, iad a leabú, nó tacair a chruthaíonn daoine eile a aimsiú. Tá Quizlet an-oiriúnach le haghaidh téarmaí a chur de ghlanmheabhair. <https://quizlet.com/>
- **Wordsift:** Uirlis a cruthaíodh chun cabhrú le múinteoirí stór focal a mhúineadh. Comhtháthaíonn sé uirlisí éagsúla cosúil le cuardach íomhá Google, Teasáras Físiúil agus gineadóir focal. Is féidir liosta focal acadúil nó liosta focal saincheaptha a ghiniúint fosta. <https://wordsift.org/>
- **CAPL:** Is foinse í an Culturally Authentic Pictorial Lexicon d'íomhánna dílse le haghaidh foghlaim teanga. Eagraítear na grianghraif dhílse le ceadúnas Creative Commons de réir teanga agus comhthéacs. Is féidir le húsáideoirí brabhsáil le haghaidh stór focal ó chatagóirí éagsúla nó an fheidhm chuardaigh a úsáid. <http://capl.washjeff.edu/>
- **EclipseCrossword:** Bogearraí saor in aisce chun crosfhocail a chruthú as do rogha féin focal. Níl le déanamh agat ach liosta focal agus leideanna a sholáthar, agus cruthaíonn an uirlis an crosfhocal duit. <https://www.eclipsecrossword.com/>
- **WordMint:** Ligeann an suíomh Gréasáin seo duit

chuardach focal a dhearadh le do stór focal, atá curtha in oiriúint do do cheacht. Is féidir leat leagan le freagraí agus cóipeanna le haghaidh foghlaimeoirí a phriontáil, réidh le tabhairt do do rang. Sábháiltear na cuardaigh focal go huathoibríoch i néalstóras. Tá 5 uirlis ann a dhéanann: crosfhocail, cuardaigh focal, cártaí biongó, focail mheasctha agus bileoga oibre meaitseála. <https://wordmint.com/>

- **Lexipedia:** Foclóir ar líne a chruthaíonn gréasán d'fhocail ghaolmhara i rogha de 5 theanga éagsúla. Ní aistríonn sé na focail, áfach. Tá códú datha ar chodanna éagsúla den chaint, mar aon le comhchiallaigh agus aintimí. Is féidir focail a thaifeadadh freisin chun fuaimniú a chleachtadh. <http://www.lexipedia.com/>
- **Visuwords:** Foclóir físiúil ar líne, teasáras físiúil agus foclóir idirghníomhach. <https://visuwords.com/>
- **Spelling City:** Tá os cionn 42,000 focal litrithe ar an suíomh le habairtí agus sainmhínithe inoiriúnaithe. Is féidir le múinteoirí a liostaí litrithe agus a ngníomhaíochtaí féin a chruthú dá gcuid foghlaimeoirí. I gcás gach liosta tá ceithre rogha ag na foghlaimeoirí: múin dom, cluiche a imirt, tástáil foclóra, nó tástáil litrithe. <https://www.spellingcity.com/>

TAGAIRTÍ AGUS LÉITHEOIREACHT BHREISE

Tabharfaidh an liosta a leanas blaiseadh d'úsáideoirí faoin phlé teoriciúil agus an tástáil a thugann dúshraith do FCÁT.

- Anderson, L.W., & Krathwohl, D.R. (Eds.). (2001). ***A Taxonomy for learning, teaching and assessing: A revision of Bloom's Taxonomy of Educational Objectives***: Complete edition. New York: Longman.
- Asikainen, T. et al. (2010). ***Talking the Future 2010 – 2020: CCN Foresight Think Tank Report. Languages in Education***. CCN: University of Jyväskylä.
- Ball, P., Kelly, K. & Clegg, J. (2016). ***Putting CLIL into Practice: Oxford Handbooks for Language Teachers***. Oxford University Press.
- Bentley, K. (2010). ***The TKT Course CLIL Module***. Cambridge University Press in collaboration with Cambridge ESOL.
- Butzkamm, W. (1998). ***Code-Switching in a Bilingual History Lesson***. In: *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 1(2), 81-92.
- Cenoz, J., Genesee, F., & Gorter, D. (2014). ***Critical analysis of CLIL: Taking stock and looking forward***. *Applied linguistics*, 35(3), 243-262.

- Commission of the European Communities (2003). **Communication No. 449 on Promoting Language Learning and Linguistic Diversity: An Action Plan 2004 – 2006.** <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=COM:2003:0449:FIN:EN:PDF>
- Coonan, C.M. (2007). **Insider Views of the CLIL Class Through Teacher Self-observation–Introspection**, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10:5, 625-646.
- Coyle, D. (2007). **Content and Language Integrated Learning: Towards a Connected Research Agenda for CLIL Pedagogies**, *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10:5, 543-562.
- Coyle, D., Hood, P. & Marsh, D. (2010). **CLIL: Content and Language Integrated Learning**. Cambridge University Press.
- Coyle, D. (2013). **Listening to learners: An investigation into ‘successful learning’ across CLIL contexts**. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 16(3), 244-266.
- Dale, L., van der Es, W. & Tanner, R. (2010). **CLIL Skills**. European Platform -internationalising education.
- Dalton-Puffer, C. (2007). **Discourse in content and language integrated learning (CLIL) classrooms**. Philadelphia: John Benjamins.
- Dalton-Puffer, C., Nikula, T., & Smit, U. (Eds.). (2010). **Language use and language learning in CLIL classrooms** (Vol. 7). John Benjamins Publishing.
- Doiz, A., Lasagabaster, D. & Sierra, J. (2013). **English-medium instruction at universities: global challenges**. Bristol: Multilingual Matters.
- Eurydice report 2006: http://eacea.ec.europa.eu/ressources/eurydice/pdf/0_integral/071EN.pdf
- Gimeno, A. (2008). **How can CLIL benefit from the integration of Information and Communications Technologies?** In *Linguistic Insights – Studies in Language and Communication*. Bern: Peter Lang, p. 77-102.
- Gimeno-Sanz, A., Ó Dónaill, C., & Andersen, K. (2014). **Supporting Content and Language Integrated Learning through Technology**. *CALL Design: Principles and Practice - Proceedings of the 2014 EUROCALL Conference*. Dublin: Research Publishing, pp. 107-112.
- Ioannou Georgiou, S. and Pavlou, P. (2011). **Guidelines for CLIL Implementation in Primary and Pre-primary Education**. http://www.schools.ac.cy/klimakio/Themata/Anglika/teaching_material/clil/guidelinesforclilimplementation1.pdf
- Krashen, S.D. (1982). **Principles and Practice in Second Language Acquisition**. New York: Pergamon. http://www.sdkrashen.com/content/books/principles_and_practice.pdf

Lorenzo, F. (2008). **Instructional discourse in bilingual settings. An empirical study of linguistic adjustments in content and language integrated learning**, *The Language Learning Journal*, 36:1, 21-33.

Marsh, D. (2000). ***Using Languages to Learn and Learning to Use Languages***, University of Jyväskylä.
<http://archive.ecml.at/mtp2/CLILmatrix/pdf/1UK.pdf>

Marsh, D. (2002). ***CLIL/EMILE The European Dimension: Actions, Trends and Foresight Potential***, University of Jyväskylä for the European Commission.
https://jyx.jyu.fi/bitstream/handle/123456789/47616/david_marshall-report.



UNIVERSITAT
POLITÈCNICA
DE VALÈNCIA

Universitat Politècnica de València (ES)
Institución Coordinadora

CUIBHREANNAS AN TIONSCAIL COOL

Seo thíos na comhpháirtithe go léir a d'oibrigh ar COOL. Má chliceálann tú ar lógó s'acu rachaidh tú chuig suíomh gréasáin s'acu.

FAZ (DK)



Sabhal Mòr Ostaig (An tOileán Scítheanach, Albain)



Ollscoil Uladh (Tuaisceart na hÉireann)



Executive Training Institute (ETI) Málta, MT)



Kroggaardskolen (DK)



Liceo Scientifico Statale Elio Vittorini (IT)



CAIBIDIL 1:
INTREOIR DO FCÁT

1.1. Cad é FCÁT?	7
1.2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le FCÁT?	9
1.3. Roinnt buarthaí coitianta a bhíonn ar mhúinteoirí.....	9
1.4. Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort.....	9

CAIBIDIL 2:
CLILSTORE, MULTIDICT & WORDLINK

2.1. Clilstore	20
2.2. Multidict	21
2.3. Na buntáistí a bhaineann le Multidict a thuiscint	24
Nóta faoi fhoclóirí.....	25
2.4. Wordlink	26
2.5. Comhéadan an fhoghlaimora in Clilstore	29
2.5.1. Conas comhéadan an fhoghlaimora a úsáid	29
2.5.2. An tAonad Clilstore	32
2.6. Clilstore agus sealbhú teanga	33
2.7. Conas aonad Clilstore a chruthú.....	35
2.7.1. Clárú	35
2.7.2. Deais an úsáideora.....	35
2.7.3. Aonad teagaisc a chruthú.....	37
2.7.4. Aonad a leasú.....	45
2.7.5. Uirlisí eagarthóireachta úsáideacha in Clilstore	45
2.7.6. An cód foinseach in Clilstore	57
2.8. Stór focal a thaifeadh.....	60
2.8.1. An Tógálaí Stór Focal	60
2.8.2. An stór focal a easpórtáil	63
2.8.3. Liosta de na focail ar cliceáladh orthu - le haghaidh múinteoirí agus údar na n-aonad	65
2.9. Punanna	67
2.9.1. An phunann a úsáid	67
2.9.2. Rochtain an mhúinteora ar phunanna.....	68

CAIBIDIL 3:
MEASÚNÚ.....75

3.1. Cúlra	75
3.2. FCÁT agus cúrsaí measúnachta.....	75
3.2.1. Greillí samplacha le haghaidh measúnachta	75

CAIBIDIL 4:
FÍSEÁIN CHABHRACHA

4.1. Físeán cabhrach a thugann forléargas ar Clilstore	80
4.2. An tsaoráid chabhrach	80
4.4. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an fhoghlaimora	83
4.5. Físeáin chabhracha le haghaidh chomhéadan an mhúinteora	84

CAIBIDIL 5:
AONAD EISEAMLÁIREACHA CLILSTORE

5.1. Stór ábhar Clilstore	85
5.1.1. An cnaipe 'is maith liom'	86
5.1.2. An stór ábhar a choinneáil saor ó bhruscar	86
5.2. Aonaid eiseamláireacha a thaispeánann na 5 C i dteangacha éagsúla	87
5.2.1. Aonaid eiseamláireacha i nGaeilge	87

CAIBIDIL 6:
FABHTCHEARTÚ

6.2. M'aonaid	89
6.3. Eagarthóireacht	90
6.4. Aonaid a shábháil agus scríosadh:.....	90
6.5. Íomhánna a chur isteach	91
6.6. Meáin eile a chur isteach (físeáin agus cleachtaí idirghníomhacha)	92
6.7. Comhaid a uaslódáil.....	94
6.8. Nascadh.....	94
6.9. Stór focal a thaifeadh	95
6.10. Punanna.....	96

ACMHAINNÍ

Sruthú físeáin.....	100
Uirlisí cainte agus éisteachta	101
Gníomhaíochtaí a Chruthú	101
Uirlisí eagraíochta.....	102

TAGAIRTÍ AGUS LÉITHEOIREACHT BHREISE

.....	106
-------	-----